
An Roinn Oideachais
Department of Education

Treoirlínte do Bhunscoileanna

Ag Tacú le Leanaí i Ranganna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu



Clár Ábhar

Príomhtheachtaireachtaí 4
Réamhrá 5
Téarmaíocht 6

Rannán 1 - Na Prionsabail lena mBuntacaítear leis an tSamhail um Theagasc Oideachais Speisialta 7
Na Prionsabail lena mBuntacaítear leis an tSamhail um Theagasc Oideachais Speisialta 10
Córas Cuimsitheach Oideachais 10
Cultúr Cuimsitheach Scoile 10
Comhoibriú 11
Folláine 12
Rannpháirtíocht agus Rannpháirteachas 12
Dírithe ar an Leanbh agus Bunaithe ar Riachtanais 13
Cleachtas agus Torthaí atá Bunaithe ar Fhianaise 13
Rialachas agus Cuntasacht 14

Rannán 2 - Soláthar Oideachais Speisialta a Eagrú: Imscaradh Tacaí Teagaisc Oideachais Speisialta a Phleanáil 15

Rannán 3 - Soláthar Oideachais Speisialta: Róil agus Freagrachtaí 18
Ról an bhoird bainistíochta 19
Beartais Scoile 19
Rialachas 20
An Próiseas Féinmheastóireachta Scoile 20
Ról an Phríomhoide Scoile 21
Ról an Mhúinteora Ranga 22
Ról an Mhúinteora Oideachais Speisialta 24

Rannán 4 – An Próiseas le haghaidh Riachtanais a Shainaithint ar fud an Leanúntais Tacaíochta agus le haghaidh Freagairt Dóibh 26
An Leanúntas Tacaíochta 27
Tacaíocht Scoile Uile do Chách 28
Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtas 28

An Próiseas Réiteach Fadhbanna 30
Comhad Tacaíochta Dalta 32
Plean Tacaíochta Dalta 32
Tacaíocht Seomra Ranga do Chách 33
Tacaíocht Scoile do Roinnt 36
Tacaíocht Scoile Móide do Bheagán 40

Rannán 5 – Tacú le hAistrithe 46

Achoimre 48

Aguisín 1: An Plean Soláthair Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 49
Aguisín 2: An Sceideal maidir le hImscaradh Múinteoirí Oideachais Speisialta do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (Bunscoil) 51
Aguisín 3 Tuilleadh Faisnéise 52
Aguisín 4: Comhairle do scoileanna Gaeltachta agus do Ghaelscoileanna 54
maidir leis an tSamhail um Theagasc Oideachais Speisialta 55
Aguisín 5: Rannpháirtíocht Tuismitheora
Físr 1: Na prionsabail lena mbuntacaítear leis an tsamhail um theagasc oideachais speisialta 7
Físr 2: Treoir maidir le hacmhainní teagaisc oideachais speisialta a leithdháileadh 16
Físr 3: An Leanúntas Tacaíochta 27
Físr 4: Na ceithre phríomhréimse do chothú na folláine 29
Físr 5: An próiseas réiteach fadhbanna 30
Físr 6: Bailiú faisnéise – Tacaíocht Seomra Ranga do Chách 34
Físr 7: Bailiú faisnéise – Tacaíocht Scoile do Roinnt 37
Físr 8: Bailiú faisnéise – Tacaíocht Scoile Móide do Bheagán 41
Físr 9: Socrú spriocanna trí úsáid a bhaint as an bpróiseas réiteach fadhbanna 44
Físr 10: Tacú le haistrithe: Cur Chuige Scoile Uile 46
Físr 11: Tacaí agus acmhainní aistrithe 47

D'ullmhaigh an Chigireacht, NEPS agus NCSE na treoirlínte seo chun treoir a thabhairt do scoileanna príomhshrutha agus iad ag tacú le Daoine Óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.



Príomhtheachtaireachtaí

- Leithdháiltear acmhainní teagaisc oideachais speisialta chun tacaíocht bhreise teagaisc a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus chuige sin amháin.
- Buntaca le tacaíocht teagaisc oideachais speisialta is ea ocht bpríomhphrionsabal lena dtacaítear le cuimsiú agus folláine gach linbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Sainítear go soiléir róil agus freagrachtaí i ndáil le soláthar oideachais speisialta agus cuirtear in iúl do scoileanna iad.
- Is é an Leanúntas Tacaíochta an creat lena dtreoraítear an dóigh a soláthraítear tacaíocht do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Déantar taifeadadh agus faireachán ar an leithdháileadh tacaí teagaisc oideachais speisialta ag gach leibhéal den Leanúntas Tacaíochta.
- Is é an próiseas réiteach fadhbanna an sásra trína sainaithnítear riachtanais speisialta oideachais, trína dtacaítear leo agus trína n-athbhreithnítear iad.
- Is próiseas comhoibríoch iomlánaíoch é an próiseas le haghaidh tacaíocht teagaisc oideachais speisialta a sholáthar, rud ina bhfuil ról ag tuismitheoirí/caomhnóirí, ag leanaí, ag múinteoirí agus ag gairmithe eile, nuair is cuí.
- Tá tuairimí agus mianta leanaí ina gcuid lárnach den phleanáil agus den chinnteoireacht i ndáil le soláthar oideachais speisialta.
- Is í an scoil a dhéanann taifeadadh agus faireachán ar an imscaradh tacaí teagaisc oideachais speisialta agus is iad an Bord agus an Lucht Bainistíochta a dhéanann formhaoirseacht ar an imscaradh sin.

Réamhrá

Is é cuspóir an doiciméid seo treoirlínte a sholáthar do scoileanna maidir leis na nithe seo a leanas:

- Na prionsabail lena mbuntacaítear leis an tsamhail um theagasc oideachais speisialta.
- An próiseas le haghaidh acmhainní teagaisc oideachais speisialta a imscaradh, agus an dóigh a n-eagraítear an t-imscaradh sin.
- Róil agus freagrachtaí an lucht bainistíochta scoile agus ball foirne scoile.
- An próiseas réiteach fadhbanna le haghaidh riachtanais a shainaithint, le haghaidh pleanáil, tacaíocht a thabhairt agus idirghabháil, agus le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfreagairt don idirghabháil.

Tá sé mar aidhm ag an Roinn Oideachais gach duine aonair a chumasú barr a gcumais a bhaint amach tríd an bhfoghlaim, agus a chinntiú go seasfar sa chóras oideachais leis na cearta atá ag gach duine aonair chun oideachas a fháil atá cuí dá riachtanais.

Ar aon dul le prionsabail chuimsitheacha, moltar do scoileanna leanaí a chuimsiú go fiúntach i rang-ghrúpálacha príomhshrutha cumais mheasctha. Cabhraíonn sé sin le hardionchais a chinntiú, agus cumasaíonn sé do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu foghlaim in éineacht lena gcomhdhaltaí. Téann an teagasc cumais mheasctha chun tairbhe do gach linbh, agus cabhraíonn sé le forbairt shóisialta agus phearsanta a chur chun cinn.

Mionsonraítear sna treoirlínte seo an dóigh a mbaineann bunscoileanna príomhshrutha úsáid as a n-acmhainní teagaisc oideachais speisialta chun tacú le cuimsiú fiúntach gach linbh ina gcuid foghlama agus i saol an phobail scoile. Soláthraítear na treoirlínte seo i gcomhthéacs Chiorclán 002/2024, agus nuashonraítear leo na *Treoirlínte do Bhunscoileanna: Ag Tacú le Daltaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu*, ar treoirlínte gaolmhara iad a soláthraíodh chun tacú leis an bpróiseas athbhreithnithe um leithdháileadh a tugadh isteach don teagasc oideachais speisialta i mbunscoileanna príomhshrutha sa bhliain 2017.

Is acmhainn bhreise é an leithdháileadh acmhainní teagaisc oideachais speisialta a sholáthraítear do scoileanna, atá imfhálaithe chun tacaíocht bhreise a sholáthar do leanaí ar shainaithin an scoil, tríd an bpróiseas réiteach fadhbanna, go bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, ar riachtanais iad atá taifeadta sa Phlean Soláthair Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (Aguisín 1), agus chuige sin amháin.



Is é an Plean Soláthair Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu an sásra trína dtaifeadann scoileanna na riachtanais speisialta oideachais atá ag leanaí a fhaigheann tacaíocht bhreise teagaisc (Aguisín 1). Sa Sceideal maidir le hImscaradh Múinteoirí Oideachais Speisialta chun Tacú le Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, soláthraítear taifead ar leithdháileadh acmhainní teagaisc oideachais speisialta na scoile (Aguisín 2).

Tá ríthábhacht ag baint le tacaíocht dhea-uainithe, chuí agus spriocdhírithe a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu maidir lena bhforbairt agus maidir lena n-ionchais fhadtéarmacha saoil. Dá bhrí sin, is gá do gach scoil acmhainní breise teagaisc oideachais speisialta a imscaradh go héifeachtach chun freastal ar riachtanais na ndaoine sin atá sainaitheanta sa Phlean Soláthair Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (Aguisín 1), bunaithe ar an gcreat Leanúntais Tacaíochta. Nuair a dhéantar uaireanta teagaisc oideachais speisialta a leithdháileadh ar scoil a imscaradh go míchuí chun críocha eile seachas na críocha ar chucu a leithdháileadh iad, baintear de leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu rochtain dhíreach ar na hacmhainní sin. Is féidir leis sin tionchar diúltach a imirt ar thorthaí foghlama na leanaí is soghonta inár gcóras oideachais.

Is laistigh de chreat cuimsitheach scoile uile a dhéantar soláthar éifeachtach do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Buntaca leis sin is ea teagasc agus foghlaim éifeachtach do gach duine, agus comhoibriú agus rannpháirtíocht fhiúntach idir múinteoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí, leanaí, agus gairmithe eile, nuair is cuí.



Nuair a dhéantar uaireanta teagaisc oideachais speisialta a leithdháileadh ar scoil a imscaradh go míchuí chun críocha eile seachas na críocha ar chucu a leithdháileadh iad, baintear de leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu rochtain dhíreach ar na hacmhainní sin.

Téarmaíocht

Is é is córas cuimsitheach oideachais ann ná córas ina n-aithnítear an éagsúlacht agus ina gceiliúrtar í, lena n-áirítear an néara-éagsúlacht. Ciallaíonn an néara-éagsúlacht nach ionann do gach leanbh a n-eispéireas leis an domhan. Cuireann sí béim ar a thábhachtaí atá sé difríochtaí den sórt sin a urramú agus a cheiliúradh.

Is é is aidhm do na treoirlínte seo tacú le scoileanna freagairt don éagsúlacht. Áirítear leis sin meas a thabhairt ar na tuairimí agus na sainroghanna pearsanta atá ag leanaí agus ag teaghlaigh i ndáil le téarmaíocht agus leis an teanga a úsáidtear le linn láidreachtaí, riachtanais agus tacaí a shainaithint. Cé go n-aithnítear sna treoirlínte seo a thábhachtaí atá sé cur chuige néaraidhearfach a ghlacadh i leith úsáid teanga agus soláthar tacaí, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an teanga a úsáidtear sna treoirlínte seo ag teacht le téarmaíocht sheanbhunaithe atá in úsáid san oideachas faoi láthair. Tá an teanga sin comhsheasmhach leis an reachtaíocht reatha, lena n-áirítear an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (2004), agus le treoirlínte a d'eisigh an Roinn Oideachais le déanaí, lena n-áirítear an *Treoir don Dea-Chleachtas maidir le hUathachas i Scoileanna*. Aithnítear go n-athraíonn teanga, agus tabharfar na treoirlínte seo cothrom le dáta dá réir sin.


Rannán 1

Na Prionsabail lena mBuntacaítear leis an tSamhail um Theagasc Oideachais Speisialta

Buntaca leis na treoirlínte seo is ea ocht bprionsabal lena dtreoraítear cur chun feidhme na samhla um theagasc oideachais speisialta i scoileanna.

Is leis na prionsabail seo a sholáthraítear an bunús do scoileanna chun cur chun feidhme agus forbairt leanúnach a gcuid córas, struchtúr, cleachtas agus beartas a threorú chun tacú le cuimsiú gach linbh, lena n-áirítear iad sin ar sainaithníodh go bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Tarraingíodh na prionsabail ó raon cuimsitheach foinsí, lena n-áirítear creataí, treoirlínte agus treoir reatha ón Roinn Oideachais maidir leis an soláthar oideachais, leis an gcuraclam agus leis an bhfolláine do bhunscoileanna.



Fíor 1 Na prionsabail lena mbuntacaítear leis an tsamhail um theagasc oideachais speisialta



Córas Cuimsitheach Oideachais

Córas oideachais ina nglactar leis an éagsúlacht, is córas é a bhíonn sofhreagrúil do dhifríocht agus ar mór aige difríocht. Is córas é ina sainaithnítear bacainní ar rochtain, ar rannpháirteachas agus ar ghnóthachtáil agus ina gcuirtear deireadh leis na bacainní sin.



Cultúr Cuimsitheach Scoile

Rud a thagann faoi fhreagracht an phobail scoile uile is ea cuimsiú, áit a bhfuil tuiscint chomhroinnte ann ar an ngá atá ann go ngnóthódh gach duine braistint muintearais agus ceangailteachta agus go mbraithfeadh siad go bhfuil meas orthu mar dhaoine den phobal sin. Cinntíonn cultúr cuimsitheach scoile gur féidir le foghlaimeoirí, a mhéid is mó is féidir, a bheith i láthair, a bheith rannpháirteach, nithe a bhaint amach agus tacaíocht a fháil i suíomhanna oideachais príomhshrutha.



Comhoibriú

Is é atá i gceist le cur chuige comhoibríoch go n-oibríonn an pobal scoile uile, lena n-áirítear leanaí, múinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí, le chéile chun tacú go réamhghníomhach le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.



Folláine

Gné lárnach de sholáthar oideachais is ea na riachtanais folláine atá ag leanaí. Cothaítear muintearas agus ceangailteacht leis an bpobal scoile, agus léirítear iad, i mbeartas, pleanáil agus cleachtas scoile uile.



Rannpháirtíocht agus Rannpháirteachas

Breithnítear tuairimí leanaí i ngach ní a dhéanann difear dóibh. Tacaíonn beartais agus cleachtais scoile le rannpháirteachas diongbháilte leanaí ina gcuid foghlama agus i saol an phobail scoile.




Dírithe ar an Leanbh agus Bunaithe ar Riachtanais

Baineann scoileanna úsáid as an gcreat Leanúntais Tacaíochta agus as an bpróiseas réiteach fadhbanna chun na riachtanais speisialta oideachais atá ag leanaí a shainaithint agus chun freagairt do na riachtanais sin, agus chun faireachán a dhéanamh ar a bhfreagairt don idirghabháil. Bíonn riachtanais speisialta oideachais le sonrú feadh leanúntais, idir riachtanais éadroma, riachtanais shuntasacha, riachtanais shealadacha agus riachtanais bhuana. Aithnítear gur féidir go dtiocfaidh athrú ar riachtanais le himeacht ama.



Cleachtas agus Torthaí atá Bunaithe ar Fhianaise

Bíonn na hidirghabhálacha agus na tacaí a sholáthraítear do leanaí aonair bunaithe ar fhianaise agus ar láidreachtaí sainaitheanta foghlama* agus riachtanais shainaitheanta foghlama a bhailítear ó raon foinsí éagsúla. Déantar sainaithint agus faireachán ar thorthaí bunaithe ar fhreagairt an linbh d'idirghabhálacha spriocdhírithe.



Rialachas agus Cuntasacht

Is acmhainn imfhálaithe é an leithdháileadh acmhainní teagaisc oideachais speisialta, agus tá sé le húsáid chun tacaí breise spriocdhírithe a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus chuige sin amháin. **Tá scoileanna cuntasach i leith an reachtaíocht iomchuí agus na ciorcláin iomchuí ón Roinn a chomhlíonadh agus acmhainní teagaisc oideachais speisialta á n-imscaradh i gceart acu.**

***Is ar bhealach iomlánaíoch a úsáidtear an téarma 'riachtanais foghlama' ar fud na dtreoirlínte, agus cuimsítear ann forbairt scileanna leanaí i réimsí amhail forbairt litearthachta, forbairt uimhearthachta, forbairt teanga agus cumarsáide, forbairt chéadfach, forbairt fhisiciúil, forbairt shóisialta agus forbairt mhothúchánach.**

I gcóras cuimsitheach oideachais, sainaithnítear bacainní ar rochtain, ar rannpháirteachas agus ar ghnóthachtáil, agus cuirtear deireadh leis na bacainní sin, do gach leanbh i suíomhanna oideachais.



Cumasaíonn cultúr cuimsitheach scoile do gach leanbh, lena n-áirítear iad sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, a bhrath go bhfuil meas orthu mar dhaoine den phobal scoile, braistint muintearais agus ceangailteachta a ghnóthú, agus rath a bhaint amach ina gcuid foghlama.



Na Prionsabail lena mBuntacaítear leis an tSamhail um Theagasc Oideachais Speisialta

Córas Cuimsitheach Oideachais

- Tá sé mar aidhm ag an Roinn Oideachais gach duine aonair a chumasú barr a gcumais a bhaint amach, agus a chinntiú go seasfar sa chóras oideachais leis na cearta atá ag gach duine aonair chun oideachas a fháil.
- Córas oideachais ina n-urramaítear an éagsúlacht, a bhíonn sofhreagrúil do dhifríocht agus ar mór aige difríocht is ea córas cuimsitheach oideachais.
- I gcóras cuimsitheach oideachais, sainaithnítear bacainní ar rochtain, ar rannpháirteachas agus ar ghnóthachtáil, agus cuirtear deireadh leis na bacainní sin, do gach leanbh i suíomhanna oideachais, go háirithe dóibh sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus do dhaoine eile a d'fhéadfadh a bheith i mbaol an imeallaithe nó an eisiaimh.

Cultúr Cuimsitheach Scoile

- Rud a thagann faoi fhreagracht an phobail scoile uile is ea cuimsiú, agus is é atá i gceist leis tuiscint chomhroinnte agus tiomantas comhroinnte i leith seasamh le prionsabail an mheasa ar an éagsúlacht. Léirítear é sin ar fud na scoile i ngach gné de shaol na scoile.
- Tá freagracht ar gach scoil a bheith cuimsitheach i ndáil lena gcuid beartas agus cleachtas. Cumasaíonn cultúr cuimsitheach scoile do gach leanbh, lena n-áirítear iad sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, a bhrath go bhfuil meas orthu mar dhaoine den phobal scoile, braistint muintearais agus ceangailteachta a ghnóthú, agus rath a bhaint amach ina gcuid foghlama.
- Ceann amháin de phríomhspriocanna an chórais oideachais is ea go bhfaighidh leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu rochtain ar a gcuid foghlama, agus go mbeidh siad rannpháirteach ina gcuid foghlama, i suíomhanna oideachais príomhshrutha, a mhéid is mó is féidir.

Comhoibriú

Is é atá i gceist le comhoibriú go n-oibríonn an pobal scoile uile, lena n-áirítear an leanbh, múinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí, le chéile chun tacú go héifeachtach agus go réamhghníomhach le foghlaim agus folláine leanaí.



Gné lárnach den phróiseas comhoibríoch is ea an ceart atá ag an leanbh a t(h)uairimí a chur in iúl maidir le gach ní a dhéanann difear dó/di. Ba cheart deiseanna agus cúnamh atá aoisoiriúnach a thabhairt do leanaí chun gur féidir leo an ceart sin a fheidhmiú.

- Is é atá i gceist le comhoibriú go n-oibríonn an pobal scoile uile, lena n-áirítear an leanbh, múinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí, le chéile chun tacú go héifeachtach agus go réamhghníomhach le foghlaim agus folláine leanaí.
- Gné lárnach den phróiseas comhoibríoch is ea an ceart atá ag an leanbh a t(h)uairimí a chur in iúl maidir le gach ní a dhéanann difear dó/di. Ba cheart deiseanna agus cúnamh atá aoisoiriúnach a thabhairt do leanaí chun gur féidir leo an ceart sin a fheidhmiú.[1]
- Stiúrann an príomhoide an próiseas comhoibríoch i gcomhar le múinteoir nó múinteoirí oideachais speisialta agus múinteoirí ranga na scoile.
- Is é atá i gceist leis an bpróiseas comhoibríoch pleanáil, machnamh, agus athbhreithniú ar bheartais agus cleachtais atá ann cheana, lena n-áirítear cineálacha coisctheacha agus réamhghníomhacha cur chuige chun tacú le cuimsiú diongbháilte leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ina gcuid foghlama agus i saol an phobail scoile.
- Is é atá i gceist le comhoibriú athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar bheartais agus cleachtais scoile maidir le cuimsiú agus soláthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus tagairt shonrach á déanamh do na nithe seo a leanas:
  - sainaithint a dhéanamh ar a gcuid láidreachtaí agus riachtanas foghlama
  - sainaithint a dhéanamh ar riachtanais foghlama tosaíochta atá mar bhunús do spriocanna
  - faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chineál agus leibhéal na dtacaí a sholáthraítear
  - sainaithint agus faireachán a dhéanamh ar thorthaí agus ar fhreagairtí d'idirghabhálacha spriocdhírithe
- Tá ríthábhacht ag baint le comhoibriú laistigh den phobal scoile maidir le comhsheasmhacht a chinntiú ó thaobh cineálacha cur chuige de agus maidir lena chinntiú go bhfuil tuiscint chomhroinnte ann ar na riachtanais speisialta oideachais atá ag leanbh. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin, de réir mar is cuí, comhoibriú le gníomhaireachtaí seachtracha, go háirithe dóibh sin a bhfuil an leibhéal is mó riachtanais acu.
- **Toisc ríthábhachtach maidir le feabhas a chur ar thorthaí do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu is ea comhoibriú le tuismitheoirí/caomhnóirí.** Aithníonn scoileanna an méid sin, agus bíonn sé le feiceáil san iomad dea-chleachtas agus tionscnamh a úsáidtear chun rannpháirtíocht tuismitheoirí a chur chun cinn. **Breisítear rannpháirtíocht tuismitheoirí nuair a théitear i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le láidreachtaí agus riachtanais a linbh agus maidir leis na tacaí agus na straitéisí a fhorbraítear chun tacú lena leanbh agus nuair a ghlacann siad páirt in athbhreithnithe tráthrialta ar dhul chun cinn a linbh.**

---

[1] An tAcht Oideachais, 1998

Leagtar i soláthar oideachais an-díriú ar fholláine agus leas leanaí.



Tá ríthábhacht ag baint le rannpháirteachas fiúntach agus rannpháirtíocht dhiongbháilte ina gcuid oideachais chun go mbainfidh leanaí rath amach san fhoghlaim.



Folláine

- Déantar folláine leanaí a fhorbairt agus a fheabhsú trína n-eispéiris foghlama, lena n-áirítear dúshláin agus éachtaí, agus baintear amach í trí ghníomhaíochtaí pleanáilte foghlama a sholáthar.
- Leagtar i soláthar oideachais an-díriú ar fholláine agus leas leanaí.
- Tugtar meas ar ghuth agus rannpháirteachas leanaí chun a chinntiú go bhfuil sé de cheart acu a dtuairimí agus a sainroghanna pearsanta a chur in iúl maidir le gach ní a dhéanann difear dóibh.
- Cothaítear muintearas agus ceangailteacht leis an bpobal scoile, agus léirítear iad sna nithe seo a leanas:
  - cultúr agus timpeallacht scoile atá éifeachtach
  - curaclam (teagasc agus foghlaim) atá éifeachtach
  - polasaí agus pleanáil atá éifeachtach
  - caidrimh agus páirtnéireachtaí atá éifeachtach
- Tá cultúr cuimsitheach scoile uile ina bhfuil ceannaireacht dhearfach dearbhaithe ina chuid lárnach d'fholláine an phobail scoile uile, lena n-áirítear baill foirne.
- Cothaítear an fholláine trí chaidrimh dhearfacha a fhorbairt idir leanaí agus aosaigh sa phobal scoile. Áirítear leis an eispéireas ar chaidrimh dhearfacha thacúla príomhaosach amháin ar a laghad sa chomhthéacs scoile ag a bhfuil eolas agus tuiscint ar láidreachtaí, riachtanais agus údair spéise an linbh.

Rannpháirtíocht agus Rannpháirteachas

- Tá ríthábhacht ag baint le rannpháirteachas fiúntach agus rannpháirtíocht dhiongbháilte ina gcuid oideachais chun go mbainfidh leanaí rath amach san fhoghlaim.
- Tá tuairimí leanaí ina gcuid lárnach de gach ní a dhéanann difear dóibh. Léiríonn beartais agus cleachtais scoile tuairimí gach linbh, lena n-áirítear iad sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Cumhachtaítear agus inspreagtar leanaí nuair a thugtar ról dóibh i gcinnteoireacht ar a gcuid oideachais.
- Bíonn ról ag leanaí maidir lena gcuid láidreachtaí agus riachtanas féin a shainaithint, maidir le spriocanna foghlama a shocrú, agus maidir le faireachán a dhéanamh ar a ndul chun cinn agus ar a bhfreagairt don idirghabháil.
- Gnóthaíonn leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu braistint muintearais, agus gabhann siad do rannpháirtíocht fhiúntach agus do rannpháirteachas gníomhach i ngach gné de shaol na scoile.

Ba cheart do leanaí a bhfuil an leibhéal is mó riachtanais acu rochtain a bheith acu ar an leibhéal is mó tacaíochta.



Dírithe ar an Leanbh agus Bunaithe ar Riachtanais

- Bíonn riachtanais speisialta oideachais le sonrú feadh leanúntais, idir riachtanais éadroma, riachtanais shuntasacha, riachtanais shealadacha agus riachtanais bhuana.
- Teastaíonn leibhéil dhifriúla tacaíochta ó leanaí, ag brath ar a riachtanais shainaitheanta oideachais. Is féidir go n-áireofar leo sin riachtanais foghlama, shóisialta agus mhothúchánacha, mar aon le riachtanais a bhaineann le forbairt fhisiciúil, forbairt chéadfach, agus forbairt teanga agus cumarsáide.
- Ba cheart do leanaí a bhfuil an leibhéal is mó riachtanais acu rochtain a bheith acu ar an leibhéal is mó tacaíochta.
- Baineann scoileanna úsáid as an gcreat Leanúntais Tacaíochta agus as an bpróiseas réiteach fadhbanna chun na riachtanais foghlama atá ag leanaí a shainaithint agus chun freagairt do na riachtanais sin, agus chun faireachán a dhéanamh ar a bhfreagairt don idirghabháil.
- Trí úsáid a bhaint as an gcreat Leanúntais Tacaíochta, cabhraítear lena chinntiú gur nithe incriminteacha iad idirghabhálacha, agus iad ag bogadh ó idirghabhálacha rangbhunaithe ina gcineálacha tacaíochta níos déine agus níos indibhidiúlaithe.


Tacaí spriocdhírithe atá bunaithe ar fhianaise is ea na tacaí a sholáthraítear do leanaí, agus iad bunaithe ar a láidreachtaí sainaitheanta agus ar a riachtanais shainaitheanta.



Cleachtas agus Torthaí atá Bunaithe ar Fhianaise

- Tacaí spriocdhírithe atá bunaithe ar fhianaise is ea na tacaí a sholáthraítear do leanaí, agus iad bunaithe ar a láidreachtaí sainaitheanta agus ar a riachtanais shainaitheanta.
- Úsáidtear faisnéis a bhailítear ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear measúnú scoilbhunaithe foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, chun láidreachtaí agus riachtanais a shainaithint, chun tús áite a thabhairt do riachtanais, chun bonn eolais a chur faoi spriocanna foghlama, agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfreagairt don idirghabháil.
- Cur chuige atá bunaithe ar fhianaise i leith dul chun cinn a athbhreithniú agus i leith riachtanais atá ag teacht chun cinn a shainaithint is ea faireachán a dhéanamh ar fhreagairt leanaí don idirghabháil.
- Bíonn na hidirghabhálacha a roghnaítear le haghaidh scileanna a fhorbairt ar fud gach réimse feidhme bunaithe ar láidreachtaí, údair spéise, aois agus céim forbartha an linbh.
- Bíonn idirghabhálacha curtha in oiriúint do chomhthéacs an linbh sa suíomh scoile, agus deiseanna ann le haghaidh ginearálú scileanna i suíomhanna eile, mar shampla sa mhórphobal scoile agus sa bhaile.
- Gabhann múinteoirí don Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí chun acmhainn a fhorbairt agus chun a n-inniúlachtaí féin a fhorbairt maidir le sainaithint, cur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh ar chineálacha cur chuige atá bunaithe ar fhianaise.

Is acmhainn bhreise é an leithdháileadh acmhainní teagaisc oideachais speisialta a sholáthraítear do scoileanna, agus tá sé imfhálaithe chun tacaí breise a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus chuige sin amháin.



Rialachas agus Cuntasacht

- Is acmhainn é an leithdháileadh acmhainní teagaisc oideachais speisialta a sholáthraítear do scoileanna, agus tá sé imfhálaithe chun tacaí breise a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus chuige sin amháin.
- Amhail i gcás na n-acmhainní Státchistithe uile eile a sholáthraítear do scoil, tá freagracht agus cuntasacht ar an mbord bainistíochta agus ar an bpríomhoide scoile i leith a chinntiú go n-úsáidtear na hacmhainní sin chun na críche ar chuici a leithdháileadh iad, is é sin: tacaíocht bhreise a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, mar atá taifeadta sa Phlean Soláthair Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (Aguisín 1).
- s é oibleagáid dhlíthiúil an bhoird an scoil a bhainistiú ar mhaithe leis na leanaí agus lena dtuismitheoirí/caomhnóirí agus oideachas cuí a sholáthar do gach leanbh ar an scoil a bhfuil freagracht ar an mbord sin ina leith.
- Tá ríthábhacht ag baint le tacaíocht dhea-uainithe agus chuí a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais shainaitheanta acu maidir lena bhforbairt oideachasúil agus maidir lena n-ionchais fhadtéarmacha saoil.
- Tá scoileanna cuntasach i leith an reachtaíocht iomchuí[2] agus na ciorcláin iomchuí ón Roinn a chomhlíonadh agus acmhainní teagaisc oideachais speisialta á n-imscaradh i gceart acu.
- Tá sé an-tábhachtach go dtuigfeadh boird bhainistíochta cé chomh tábhachtach agus atá dea-chumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le daoine den phobal scoile.

[2] An tAcht Oideachais, 1998

Rannán 2

Soláthar Oideachais Speisialta a Eagrú: Imscaradh Tacaí Teagaisc Oideachais Speisialta a Phleanáil

Is é is príomhaidhm don leithdháileadh acmhainní teagaisc oideachais speisialta go n-imscarfar acmhainní chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais speisialta oideachais atá ag leanaí. **Rud tábhachtach, ba cheart dóibh sin a bhfuil an leibhéal is mó riachtanais acu rochtain a bheith acu ar an leibhéal is mó tacaíochta**.

Is féidir go mbeidh riachtanais shainaitheanta éagsúla ag leanaí i réimsí amhail litearthacht, uimhearthacht, teanga agus cumarsáid, caidreamh sóisialta, forbairt mhothúchánach, forbairt chéadfach agus forbairt fhisiciúil.

Leagtar amach i bhFíor 2 ar leathanach 16 gníomhartha chun tacú le scoileanna agus iad ag imscaradh tacaí teagaisc oideachais speisialta.



Rud tábhachtach, ba cheart dóibh sin a bhfuil an leibhéal is mó riachtanais acu rochtain a bheith acu ar an leibhéal is mó tacaíochta.

Príomhghníomhartha le linn tacaíocht teagaisc oideachais speisialta a sholáthar		
1	Sainaithin leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu	• Déan athbhreithniú ar an bhfaisnéis atá ann cheana faoi riachtanais leanaí, agus faisnéis scoilbhunaithe á húsáid, agus ar aon fhaisnéis ó thuismitheoirí/caomhnóirí, agus ó ghairmithe seachtracha, nuair is cuí. • Gabh do scagadh breise agus do bhailiú breise faisnéise, de réir mar is gá, agus cineálacha neamhfhoirmiúla agus foirmiúla cur chuige measúnaithe á n-úsáid. Is féidir go n-áireofar leo sin breathnóireacht múinteoirí, faisnéis faoi forbairt shóisialta agus mhothúchánach, trialacha caighdeánaithe agus/nó trialacha/seicliostaí critéarthagartha eile. • Sainaithin na leanaí **uile** a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sa scoil.
2	Tosaigh an Próiseas Réiteach Fadhbanna	• Tosaigh an próiseas comhoibríoch réiteach fadhbanna chun údair imní a shoiléiriú i gcomhairle leis an leanbh, le múinteoirí ábhartha, agus le tuismitheoirí/caomhnóirí.
3	Taifead an leibhéal den Leanúntas Tacaíochta ag a leithdháiltear tacaíocht teagaisc oideachais speisialta	• Tar éis riachtanais a shainaithint, agus an leibhéal tacaíochta a theastaíonn a shuí, taifead an leibhéal den Leanúntas Tacaíochta ag a leithdháiltear tacaí teagaisc oideachais speisialta. • Is féidir gur ag leibhéal na Tacaíochta Seomra Ranga do Chách a thacófar le leanaí a bhfuil riachtanais éiritheacha acu. • Leithdháiltear tacaíocht teagaisc oideachais speisialta bunaithe ar riachtanas sainaitheanta ag leibhéal na Tacaíochta Scoile do **Roinnt** agus ag leibhéal na Tacaíochta Scoile Móide do **Bheagán.** • Taifeadtar uaireanta teagaisc oideachais speisialta sa Phlean Soláthair Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (Aguisín 1).
4	Eagraigh agus imscar acmhainní teagaisc oideachais speisialta	• Crostagair na riachtanais atá ag leanaí ag leibhéal na Tacaíochta Scoile do **Roinnt** agus ag leibhéal na Tacaíochta Scoile Móide do **Bheagán**, agus breithnigh na riachtanais choiteanna ar féidir freastal orthu de réir grúpála, ar mhaithe le cineálacha éifeachtacha éifeachtúla cur chuige teagaisc agus foghlama a chinntiú. • Imscar múinteoir oideachais speisialta nó múinteoirí oideachais speisialta chun grúpaí/daoine aonair a theagasc agus comhaontaigh fad ama, minicíocht agus láthair an tsoláthair tacaíochta breise. • **Cinntigh go bhfaigheann leanaí a bhfuil an leibhéal is mó riachtanais acu an leibhéal is mó tacaíochta, agus an méid sin á fháil acu sa chás is fearr ó mhúinteoirí oideachais speisialta a bhfuil an saineolas is ábhartha acu.**



Príomhghníomhartha le linn tacaíocht teagaisc oideachais speisialta a sholáthar		
5	Forbair Plean Tacaíochta Seomra Ranga/Plean Tacaíochta Dalta	• Forbair Plean Tacaíochta Seomra Ranga do leanaí ar sainaithníodh go bhfuil riachtanais éiritheacha acu ag leibhéal na Tacaíochta Seomra Ranga do **Chách**. • Forbair Plean Tacaíochta Dalta do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ag leibhéal na Tacaíochta Scoile do **Roinnt** agus ag leibhéal na Tacaíochta Scoile Móide do **Bheagán** nó tabhair cothrom le dáta é. • Sainaithin riachtanais foghlama tosaíochta • Tar éis riachtanais foghlama tosaíochta a shainaithint, socraigh spriocanna atá **sonrach, intomhaiste, inghnóthaithe, réalaíoch agus faoi cheangal ama** do gach leanbh sa Phlean Tacaíochta Dalta, ar spriocanna iad atá ailínithe lena riachtanais speisialta oideachais.
6	Sainaithin idirghabháil chuí atá bunaithe ar fhianaise	• Sainaithin leibhéal agus cineál na hidirghabhála a theastaíonn chun spriocanna a chomhlíonadh don leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige/aici. • Breithnigh na cineálacha cur chuige teagaisc agus foghlama atá ar na cinn is oiriúnaí do rannpháirteachas fiúntach agus rannpháirtíocht fhiúntach a chur chun cinn, amhail difreáil, grúpáil cumais mheasctha, buíonteagasc, agus/nó teagasc grúpaí beaga/tacaíocht bhreise teagaisc do dhaoine aonair. • Tabhair an Plean Tacaíochta Dalta cothrom le dáta chun an faireachán agus an taifeadadh ar an bhfreagairt don idirghabháil a léiriú.
7	Athbhreithniú	• Tar éis tréimhse chomhaontaithe ama, déantar athbhreithniú comhoibríoch ar fhreagairt an linbh don idirghabháil. • Bunaithe ar thoradh an athbhreithnithe sin, déantar cinneadh maidir le cé acu ba cheart leanúint leis na spriocanna nó iad a leasú. • Bunaithe ar fhreagairt an linbh don idirghabháil, déantar cinneadh comhoibríoch ar cé acu ba cheart nó nár cheart leanúint le tacaíocht a leithdháileadh ag an leibhéal sainaitheanta den Leanúntas Tacaíochta.

Fíor 2 Treoir maidir le hacmhainní teagaisc oideachais speisialta a leithdháileadh


Ba cheart do scoileanna úsáid a bhaint as an bPlean Soláthair Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu agus as an Sceideal maidir le hImscaradh Múinteoirí Oideachais Speisialta chun taifeadadh a dhéanamh ar phleanáil agus imscaradh tacaíochta ag gach leibhéal den Leanúntas Tacaíochta.

Tacaí breise eile teagaisc i mbunscoileanna

Is rollaithe i roinnt scoileanna atá líon mór leanaí a dteastaíonn tacaíocht bhreise Béarla mar Theanga Bhreise uathu. Tá próisis ar leith um leithdháileadh acmhainní ann ina leith sin, agus iad lasmuigh den tsamhail um theagasc oideachais speisialta, agus is féidir le scoileanna na próisis sin a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar thacaí breise teagaisc do na leanaí sin. Baineann scoileanna úsáid as an gcreat Leanúntais Tacaíochta chun riachtanais foghlama a shainaithint agus chun idirghabhálacha a phleanáil, a chur chun feidhme agus a athbhreithniú do gach leanbh. Tá sé sin ag teacht le cur chuige aontaithe comhordaithe i leith pleanáil.

Tá tuilleadh mionsonraí faoin bpróiseas sin leagtha amach sna Ciorcláin iomchuí Foirne atá ar fáil ar gov.ie.

Tá tacaí sealadacha i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais freisin, ar tacaí iad a chuirtear ar fáil do scoileanna chun tacú le leanaí Úcránacha agus leanaí Cosanta Idirnáisiúnta aistriú isteach inár gcóras scoileanna.



Rannán 3

Soláthar Oideachais Speisialta: Róil agus Freagrachtaí

Leagtar amach sa rannán seo a leanas róil agus freagrachtaí na mball foirne scoile mar chuid de chur chuige comhoibríoch scoile uile, chun a chinntiú go bhfuil ardchaighdeáin i bhfeidhm agus go dtugtar tacaíocht iomlán do gach leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, laistigh de thimpeallacht chuimsitheach scoile.

Is faoi stiúir ag an bpríomhoide scoile atá an próiseas le haghaidh tacaí teagaisc oideachais speisialta a eagrú, ag obair dó/di i gcomhar leis an múinteoir nó na múinteoirí oideachais speisialta agus le baill foirne ábhartha eile. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí róil agus freagrachtaí a shuí agus a chomhaontú go soiléir.

Tugtar sa rannán seo de na Treoirlínte faisnéis faoi róil agus freagrachtaí na ndaoine seo a leanas:

- An Bord Bainistíochta
- An Príomhoide Scoile
- An Múinteoir Ranga
- An Múinteoir Oideachais Speisialta

Ról an bhoird bainistíochta

Is ar an mbord bainistíochta atá an fhreagracht fhoriomlán as oideachas a sholáthar do gach leanbh, lena n-áirítear leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Sa reachtaíocht, leagtar dualgais shonracha ar bhoird bhainistíochta agus ar phríomhoidí. Moltar do chomhaltaí de bhoird bhainistíochta iad féin a chur ar an eolas faoi na freagrachtaí atá ar an mbord socruithe a dhéanamh d'oideachas cuimsitheach faoin reachtaíocht iomchuí oideachais[3].

I gcás acmhainní teagaisc oideachais speisialta, aithníonn an bord bainistíochta gur acmhainn bhreise iad atá imfhálaithe chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus chuige sin amháin. I gcás go n-úsáidtear acmhainní teagaisc oideachais speisialta chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i ranganna, lena n-áirítear tríd an mbuíonteagasc, déantar réamhullmhúchán chun rannpháirteachas fiúntach a éascú. **Ní mór don bhord a chinntiú nach n-úsáidtear acmhainní teagaisc oideachais speisialta ach chun na críche ar chuici a leithdháileadh iad, is é sin: tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ina scoil.**

Beartais Scoile

Is ar an mbord bainistíochta atá an fhreagracht as formhaoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt, cur chun feidhme agus athbhreithniú beartas agus seirbhísí scoile a bhaineann le cuimsiú leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. I ndáil leis sin, ba cheart don bhord na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- A chinntiú go mbíonn rochtain ag gach leanbh ar oideachas ar ardchaighdeán agus ar theagasc, foghlaim agus measúnú ar ardchaighdeán sa scoil.
- Socruithe a dhéanamh do Phlean Feabhsúcháin Scoile a ullmhú, rud ina mbeidh achoimre ar na réimsí ina bhfuil feabhsuithe le déanamh, mar a sainaithníodh mar chuid den phróiseas féinmheastóireachta scoile, lena n-áirítear na cuspóirí agus na bearta lena gcinnteofar go mbeidh rochtain chothrom ag leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ar gach gné de ghníomhaíochtaí na scoile, agus go mbeidh siad rannpháirteach iontu, a mhéid is mó is féidir.
- A shocrú go bhfoilseofaí beartas na scoile maidir le hoideachas leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Ba cheart beartas na scoile maidir le ligean isteach agus rannpháirteachas leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus na socruithe le haghaidh na leanaí sin a shainaithint agus le haghaidh a soláthair oideachais sa scoil a bheith ar áireamh sa doiciméad sin.
- A shocrú go ndéanfaí athbhreithnithe tréimhsiúla ar an raon soláthair curaclaim laistigh den scoil chun a chinntiú go mbíonn cláir oiriúnacha ar tairiscint do gach leanbh, lena n-áirítear iad sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Rannchuidiú le feasacht a fhorbairt i measc múinteoirí, baill foirne neamhtheagaisc agus leanaí ar na riachtanais atá ag leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus ar na freagrachtaí ar leith atá orthu féin as cuimsiú na leanaí sin sa phobal scoile.

[3] gov.ie - Boird Bhainistíochta ar Scoileanna (www.gov.ie)

Rialachas agus Cuntasacht

Tá dualgas reachtúil rialachais ar an mbord bainistíochta a chinntiú go bhfuil córais chuí agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun a chinntiú go mbainistítear acmhainní scoile, lena n-áirítear deontais, soláthar foirne agus acmhainní eile, ar bhealach atá cuí agus ceart agus ina ndéantar socrú do chuntasacht chuí do na páirtithe ábhartha.

I gcás acmhainní teagaisc oideachais speisialta, aithníonn an bord bainistíochta gur acmhainn **bhreise** iad atá imfhálaithe chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus chuige sin amháin. I gcás go n-úsáidtear acmhainní teagaisc oideachais speisialta chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i ranganna, lena n-áirítear tríd an mbuíonteagasc, déantar réamhullmhúchán chun rannpháirteachas fiúntach a éascú.

Amhail i gcás na n-acmhainní Státchistithe uile eile a sholáthraítear do scoil, tá freagracht ar an mbord bainistíochta agus ar an bpríomhoide scoile i leith a chinntiú go n-úsáidtear na hacmhainní sin chun na críche ar chuici a leithdháileadh iad agus chun na críche sin amháin. Tá sé sin sonraithe in alt 15 den Acht Oideachais, 1998, agus i gCiorclán 0064/2024 ón Roinn.

Is é an Comhad Tacaíochta Dalta, ina bhfuil an Plean Tacaíochta Dalta, an próiseas trína dtugann an scoil cuntas ina cuid cinntí maidir le tacaí teagaisc oideachais speisialta a úsáid agus a leithdháileadh. Taifeadtar an t-imscaradh tacaí teagaisc oideachais speisialta sa Sceideal maidir le hImscaradh Múinteoirí Oideachais Speisialta (Aguisín 1) chun cabhrú le húsáid acmhainní teagaisc oideachais speisialta a rianú ar fud an Leanúntais Tacaíochta.

Ní mór don bhord bainistíochta a chinntiú go bhfaigheann sé dearbhú bliantúil ón bpríomhoide maidir le húsáid na n-acmhainní teagaisc oideachais speisialta.

An Próiseas Féinmheastóireachta Scoile

Is é an bord bainistíochta a dhéanann formhaoirseacht ar rannpháirtíocht na scoile i bhféinmheastóireacht scoile. Tá scoileanna eolach ar an bpróiseas meastóireachta sé chéim atá sna *Treoirlínte maidir le Féinmheastóireacht Scoile 2016 – 2020* (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016)[4] agus leis an doiciméad dar teideal *Ag Breathnú ar an Scoil Againne – Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna* (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2022)[5]. Nuair a chuirtear iad i bhfeidhm i leith sholáthar na scoile do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, is é an toradh a bhíonn ar an bpróiseas féinmheastóireachta scoile, agus ar na réimsí agus na ráitis chleachtais atá mionsonraithe sa doiciméad dar teideal Ag Breathnú ar an Scoil Againne, go gcumasaítear do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile an méid seo a leanas a dhéanamh:

[4] gov.ie - Na Treoirlínte maidir le Féinmheastóireacht Scoile (www.gov.ie)

[5] gov.ie - Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022 (www.gov.ie)

- A gcleachtais a athbhreithniú.
- A shainaithint cé na nithe a bhíonn siad ag déanamh go maith.
- A aithint cé na gnéithe d'obair na scoile a d'fhéadfaí a fhorbairt tuilleadh chun eispéiris chuimsitheacha foghlama agus torthaí cuimsitheacha foghlama a fheabhsú do leanaí.

Ról an Phríomhoide Scoile

Tá an príomhoide freagrach as beartais chuimsitheacha scoile uile agus nósanna imeachta cuimsitheacha scoile uile a bhunú, a chur chun cinn agus a chur chun feidhme, ar beartais agus nósanna imeachta iad lena dtacaítear le foghlaim gach linbh, lena n-áirítear iad sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Tá ról príomhúil ag an bpríomhoide scoile maidir le hacmhainn foirne scoile uile a shamhaltú, a chur chun cinn agus a fhorbairt ar mhaithe le cleachtas cuimsitheach éifeachtach a chothabháil ar fud na scoile. Cinntíonn an príomhoide go gcoinnítear an bord bainistíochta ar an eolas go hiomlán faoin imscaradh acmhainní teagaisc oideachais speisialta.

Maidir leis na hacmhainní – acmhainní daonna san áireamh – agus na huaireanta teagaisc oideachais speisialta a sholáthraítear don scoil chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, déanann príomhoidí formhaoirseacht ar an dóigh a n-úsáidtear iad **chun a chinntiú go mbíonn rochtain ag na leanaí a bhfuil an leibhéal is mó riachtanais acu ar na leibhéil is mó tacaíochta**. Is féidir leis an bpríomhoide feidhmeanna sonracha a tharmligean chuig baill eile den fhoireann.

Déanann an príomhoide na nithe seo a leanas:

- A chinntiú go bhforbraítear beartais chuimsitheacha scoile uile agus nósanna imeachta cuimsitheacha scoile uile a bhaineann le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeartas agus na nósanna imeachta sin.
- Formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chuige scoile uile i leith measúnú agus scagadh chun láidreachtaí, riachtanais agus údair spéise a shainaithint.
- Caidreamh éifeachtach a chinntiú le suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luathóige agus le hiar-bhunscoileanna chun tacú le haistriú leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Múinteoirí a bhfuil na scileanna cuí, an t-eolas cuí agus an tuiscint chuí acu a imscaradh chuig róil teagaisc oideachais speisialta.
- A chinntiú go bhfuil córais i bhfeidhm chun gur féidir le múinteoirí oideachais speisialta agus le múinteoirí seomra ranga comhoibriú go héifeachtach le chéile chun faisnéis ábhartha a chomhroinnt faoi riachtanais leanaí, ar mhaithe le leanúnachas soláthair a chinntiú do na leanaí.
- Foghlaim ghairmiúil múinteoirí[6] a éascú do gach múinteoir i ndáil le cleachtais chuimsitheacha teagaisc agus foghlama scoile uile agus i ndáil le hoideachas leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

[6] Oide – Seirbhís Tacaíochta do Mhúinteoirí agus do Cheannairí Scoile; Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí – An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta – Obair chun seirbhís níos fearr oideachais speisialta a sholáthar (ncse.ie);

- Múinteoirí oideachais speisialta a spreagadh tabhairt faoin gClár Dioplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach do Mhúinteoirí Oideachais Speisialta[7], ar clár é atá ar fáil trí roinnt Institiúidí Ardoideachais.
- A chinntiú go gcuirtear gach ball foirne scoile, lena n-áirítear múinteoirí ranga, múinteoirí oideachais speisialta agus cúntóirí riachtanas speisialta, ar an eolas go soiléir faoina gcuid ról agus freagrachtaí.
- Deiseanna a sholáthar le haghaidh saineolas a chomhroinnt le baill foirne scoile mar chuid de chultúr cuimsitheach scoile uile a chur chun cinn.
- A chinntiú go mbunaítear nósanna imeachta scoile uile chun rannpháirtíocht fhiúntach éifeachtach tuismitheoirí/caomhnóirí, leanaí agus gairmithe/gníomhaireachtaí seachtracha a éascú.
- A chinntiú go dtugtar an Plean Soláthair Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (Aguisín 1) cothrom le dáta.
- A chinntiú, maidir leis na leanaí uile ar sainaithníodh go bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus a fhaigheann tacaíocht bhreise teagaisc, go ndoiciméadaítear a gcuid riachtanas i gComhad Tacaíochta Dalta.
- A chinntiú go bhforbraítear Plean Tacaíochta Seomra Ranga/Plean Tacaíochta Dalta, agus go gcuirtear ar áireamh sa Chomhad Tacaíochta Dalta é, do gach leanbh a shainaithnítear ag gach leibhéal den Leanúntas Tacaíochta.

Agus an tsamhail um theagasc oideachais speisialta á cur chun feidhme aige/aici, is féidir leis an bpríomhoide am a thabhairt don mhúinteoir oideachais speisialta nó do na múinteoirí oideachais speisialta tabhairt faoi bhailiú faisnéise agus measúnú, athbhreithniú, faireachán agus comhordú a dhéanamh ar an soláthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Ba cheart an t-am sin a úsáid go cuí chun a chinntiú go mbíonn an tionchar is lú is féidir ann ar thacaíocht teagaisc oideachais speisialta atá spriocdhírithe agus ar ardchaighdeán a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus atá sainaitheanta sa Phlean Soláthair Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (Aguisín 1).

[7] gov.ie - An Clár Dioplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach do Mhúinteoirí Oideachais Speisialta (www.gov.ie)

Ról an Mhúinteora Ranga

Oiriúnaíonn múinteoirí ranga a gcineálacha cur chuige teagaisc agus a modheolaíochtaí teagaisc, agus déanann siad socruithe sonracha do leanaí laistigh den rang, mar fhreagairt d'údair imní a thagann chun cinn i ndáil le dul chun cinn, iarracht, cumarsáid nó rialúchán mothúchánach an linbh aonair nó i ndáil le caidreamh an linbh aonair lena c(h)omhdhaltaí.

Is ar mhúinteoirí ranga atá an fhreagracht phríomhúil as dul chun cinn agus cúram gach linbh ina seomra ranga, lena n-áirítear leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Luaitear in alt 22(1) den Acht Oideachais, 1998, gur ag an múinteoir atá an ról is tábhachtaí maidir le hoideachas agus forbairt phearsanta leanaí i scoileanna.

Teastaíonn uaidh sin idirghabhálacha spriocdhírithe atá ceaptha chun forbairt a dhéanamh ar scileanna ábhartha a bhaineann leis na riachtanais sin agus chun cuimsiú fiúntach leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a éascú. Áirítear leo sin:

- Comhartheagasc agus comharfhoghlaim.
- Gníomhaíochtaí comhoibríocha réiteach fadhbanna.
- Grúpobair ilchineálach.
- Idirghabhálacha chun forbairt shóisialta agus mhothúchánach a chur chun cinn.
- Teicneolaíochtaí digiteacha a leabú isteach sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú.

Oiriúnaíonn múinteoirí ranga a gcineálacha cur chuige teagaisc, foghlama agus measúnaithe do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Is féidir é sin a bhaint amach trí na nithe seo a leanas a dhéanamh, mar shampla:

- Struchtúr, inneachar, modh teagaisc agus luas na gceachtanna a éagsúlú chun rannpháirteachas fiúntach agus rannpháirtíocht fhiúntach gach linbh a chinntiú.
- Ceachtanna a oiriúnú chun aird a thabhairt ar údair spéise an linbh.
- Cúraimí a mheaitseáil le láidreachtaí, údair spéise agus riachtanais an linbh.
- Acmhainní a oiriúnú agus a úsáid, lena n-áirítear tacaí amhairc agus an teicneolaíocht a úsáid.

Áirítear na nithe seo a leanas le dualgais an mhúinteora ranga:

- Leas a bhaint as foghlaim ghairmiúil ábhartha múinteoirí, chun cur leis an acmhainn, leis an eolas agus leis an tuiscint i leith riachtanais speisialta oideachais.
- Úsáid a bhaint as raon éagsúil modheolaíochtaí, gníomhaíochtaí, eispéireas agus ábhar cuí chun freastal ar na riachtanais aonair atá ag leanaí agus chun timpeallacht seomra ranga atá spreagthach agus tacúil a chruthú.
- Comhoibriú leis an bpríomhoide, le múinteoirí ábhartha eile, le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le gairmithe seachtracha, de réir mar is gá, chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu gabháil d'fhoghlaim fhiúntach agus a bheith rannpháirteach inti.
- Na láidreachtaí, na húdair spéise agus na riachtanais foghlama tosaíochta atá ag leanaí a shainaithint chun bonn eolais a chur faoi phleanáil, cur chun feidhme, measúnú agus athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar an idirghabháil ag gach leibhéal den Leanúntas Tacaíochta.

- Pleananna Tacaíochta Seomra Ranga a fhorbairt do leanaí a bhfuil riachtanais éiritheacha acu agus a dteastaíonn tacaíocht bhreise atá bunaithe sa seomra ranga uathu.
- Gach gníomh a thaifeadadh agus cóipeanna de Phleananna Tacaíochta Seomra Ranga a choinneáil sa Chomhad Tacaíochta Dalta.
- Tacú le Pleananna Tacaíochta Dalta a fhorbairt i gcomhar le múinteoirí oideachais speisialta, le tuismitheoirí/caomhnóirí, le leanaí, agus le gairmithe seachtracha, de réir mar is gá, chun measúnuithe agus idirghabhálacha a phleanáil agus chun dul chun cinn leanaí a rianú ag leibhéal na Tacaíochta Scoile do Roinnt agus ag leibhéal na Tacaíochta Scoile Móide do Bheagán.
- A chinntiú go mbíonn ceachtanna inrochtana trí úsáid a bhaint as raon éagsúil cineálacha cur chuige, lena n-áirítear foghlaim ghníomhach, teagasc grúpaí beaga, teagasc daoine aonair, agus teagasc scafláilte.
- Sainaithint a dhéanamh ar na deacrachtaí foghlama agus na sainroghanna pearsanta foghlama atá ag leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus freagairt do na deacrachtaí agus na sainroghanna pearsanta sin.

Ról an Mhúinteora Oideachais Speisialta

Soláthraíonn an múinteoir oideachais speisialta teagasc breise do leanaí a fhreastalaíonn ar ranganna príomhshrutha agus a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus ba cheart dóibh ardchaighdeán soláthair a stiúradh, a shamhaltú agus a chinntiú. Ba cheart do mhúinteoirí oideachais speisialta a bheith eolach ar raon leathan cineálacha cur chuige teagaisc, modheolaíochtaí agus acmhainní atá cuí maidir le freastal ar raon éagsúil riachtanas speisialta oideachais. Áirítear le cineálacha cur chuige teagaisc meascán de thionscnaimh bhuíonteagaisc, d'idirghabháil luath, agus de thacaíocht do ghrúpaí beaga agus do dhaoine aonair. Is féidir go n-áireofar leis sin meascán de thacaíocht sa rang agus de dhaltaí a tharraingt amach (más cuí). Áirítear le soláthar teagaisc oideachais speisialta luath-idirghabháil, teagasc foirne, agus tacaíocht do ghrúpaí beaga agus/nó tacaíocht do dhaoine aonair, nuair is cuí.

Áirítear na nithe seo a leanas le ról an mhúinteora oideachais speisialta:

- Rannchuidiú le cultúr cuimsitheach scoile a fhorbairt, mar a léirítear trí éiteas, trí luachanna agus trí bheartais agus cleachtais chuimsitheacha scoile.
- Cineálacha cuimsitheacha coisctheacha agus réamhghníomhacha cur chuige teagaisc agus foghlama scoile uile a chur chun cinn.
- Struchtúir agus córais chuimsitheacha scoile a fhorbairt i ndáil leis an soláthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a eagrú.
- Stiúradh a dhéanamh ar an obair chun tacaíocht a shainaithint agus a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sa chomhthéacs scoile, agus próiseas réiteach fadhbanna an Leanúntais Tacaíochta á úsáid.
- Idirchaidreamh dlúth a dhéanamh leis an bpríomhoide maidir le forbairt, cur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh ar chineálacha cur chuige scoile uile i leith oideachas leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

- I gcomhar le múinteoirí ranga, forbairt Comhad Tacaíochta Dalta agus Pleananna Tacaíochta Dalta a stiúradh do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus atá sainaitheanta sa Phlean Soláthair Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu ag leibhéal na Tacaíochta Scoile do Roinnt agus ag leibhéal na Tacaíochta Scoile Móide do Bheagán (Aguisín 1).
- Comhoibriú, idirchaidreamh agus cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí, leis an leanbh, le múinteoirí agus baill foirne ábhartha eile, leis an bpríomhoide scoile agus le daoine ábhartha eile, mar chuid den phróiseas réiteach fadhbanna.
- Caidreamh agus comhoibriú a dhéanamh le gníomhaireachtaí agus seirbhísí seachtracha lasmuigh den scoil, de réir mar is cuí agus is gá.
- Pleanáil chun tacú le haistrithe do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Cineálacha cur chuige teagaisc agus foghlama atá bunaithe ar fhianaise a úsáid chun tacú leis na riachtanais speisialta oideachais atá ag leanaí, agus faireachán a dhéanamh ar an bhfreagairt don idirghabháil.
- Faisnéis ábhartha a chomhroinnt le múinteoirí ranga maidir leis na riachtanais speisialta oideachais atá ag leanaí, chun tacú lena rannpháirtíocht fhiúntach agus lena rannpháirteachas fiúntach i gceachtanna.
- Comhairle agus tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí ranga nuair a iarrtar air/uirthi déanamh amhlaidh.
- Gabháil d'fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí chun uasoiliúint agus chun forbairt a dhéanamh ar an eolas, na hinniúlachtaí agus na scileanna a theastaíonn chun tacaíocht ar ardchaighdeán a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Machnamh a dhéanamh ar a c(h)leachtas gairmiúil féin, lena n-áirítear cineálacha cur chuige teagaisc agus foghlama, ar mhaithe leis an soláthar a fheabhsú.
- Ullmhúchán agus pleanáil a dhéanamh ar bhonn seachtainiúil chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais shonracha atá ag gach leanbh, mar atá léirithe i spriocanna an phlean tacaíochta.

Tá gach múinteoir oideachais speisialta freagrach as stiúradh a dhéanamh ar an obair chun Pleananna Tacaíochta Dalta a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a athbhreithniú do na leanaí dá soláthraíonn sé/sí tacaíocht bhreise teagaisc go díreach.

I gcás go mbeidh ról ag níos mó ná múinteoir oideachais speisialta amháin maidir leis an tacaíocht bhreise teagaisc a sholáthar, glacfaidh múinteoir oideachais speisialta amháin an phríomhfhreagracht as an bpróiseas pleanála a stiúradh agus as tacaí a chomhordú don leanbh lena mbaineann.

Rannán 4

An Próiseas le haghaidh Riachtanais a Shainaithint ar fud an Leanúntais Tacaíochta agus le haghaidh Freagairt Dóibh

Leagtar na nithe seo a leanas amach sa rannán seo de na treoirlínte:


- An Leanúntas Tacaíochta
- Tacaíocht Scoile Uile do Chách
- An Próiseas Réiteach Fadhbanna
- An Comhad Tacaíochta Dalta
- Tacaíocht Seomra Ranga do Chách
- Tacaíocht Scoile do Roinnt
- Tacaíocht Scoile Móide do Bheagán

An Leanúntas Tacaíochta

Cloíonn an Roinn Oideachais leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta maidir lena chinntiú go soláthraítear oideachas atá cuí dá riachtanais do gach leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Is é atá sa Leanúntas Tacaíochta creat atá ceaptha dá úsáid chun láidreachtaí agus riachtanais leanaí a shainaithint agus chun faireachán a dhéanamh ar an bhfreagairt don idirghabháil. Aithnítear sa chreat go mbíonn riachtanais speisialta oideachais le sonrú feadh leanúntais, idir riachtanais éadroma, riachtanais shuntasacha, riachtanais shealadacha agus riachtanais bhuana. Aithnítear ann go dteastaíonn leibhéil dhifriúla tacaíochta ó leanaí, ag brath ar a riachtanais shainaitheanta oideachais, agus gur féidir go dtiocfaidh athrú ar riachtanais le himeacht ama. Trí úsáid a bhaint as an gcreat, cabhraítear lena chinntiú gur nithe incriminteacha iad idirghabhálacha, agus iad ag bogadh ó idirghabhálacha rangbhunaithe ina gcineálacha tacaíochta níos déine agus níos indibhidiúlaithe, agus go mbíonn siad bunaithe ar fhaireachán agus athbhreithniú cúramach ar an bhfreagairt don idirghabháil. Trí úsáid a bhaint as an gcreat, cabhraítear lena chinntiú go leithdháiltear tacaí ar bhealach solúbtha tráthúil, ionas go mbíonn rochtain ag na leanaí sin a bhfuil an leibhéal is mó riachtanais acu ar an leibhéal is mó tacaíochta.

Áirítear leis an Leanúntas Tacaíochta trí leibhéal, le haghaidh measúnú, idirghabháil, pleanáil agus athbhreithniú. Tá siad sin léirithe i bhFíor 3.



Fíor 3 An Leanúntas Tacaíochta

I ndiaidh tuairisc achomair ar gach leibhéal den Leanúntas, tá breac-chuntas níos cuimsithí ar thacaíocht tugtha sa rannán seo.

■ Is é atá i gceist le **Tacaíocht Scoile Uile/Tacaíocht Seomra Ranga do Chách** tacaíocht a sholáthar do gach leanbh sa scoil, agus áirítear léi cineálacha uilechoiteanna, coisctheacha agus réamhghníomhacha cur chuige teagaisc agus foghlama ag leibhéal an tseomra ranga.

Tá **Tacaíocht Seomra Ranga do Chách** ceaptha do na leanaí sin a bhfuil riachtanais éiritheacha acu sa chomhthéacs ranga, nár fhreagair d'oiriúnuithe ná idirghabhálacha ginearálta a rinne an múinteoir ranga sa timpeallacht foghlama agus ar ina leith a sainaithníodh réimsí riachtanais óna dteastaíonn spriocdhíriú sonrach agus tacaíocht bhreise atá bunaithe sa seomra ranga. Soláthraítear an tacaíocht seo do leanaí nár sainaithníodh go fóill go dteastaíonn tacaíocht uathu ag leibhéal na Tacaíochta Scoile do Roinnt ná ag leibhéal na Tacaíochta Scoile Móide do Bheagán. **Is ar an múinteoir ranga atá an fhreagracht as tacaíocht seomra ranga a sholáthar.**

■ Is é atá i gceist le **Tacaíocht Scoile do Roinnt** tacaí spriocdhírithe breise teagaisc agus foghlama a sholáthar mar fhreagairt do na riachtanais speisialta oideachais atá ag grúpaí beaga agus/nó daoine aonair. **Áirítear leis an leibhéal tacaíochta seo rannpháirtíocht an mhúinteora oideachais speisialta.**

■ Is é atá i gceist le **Tacaíocht Scoile Móide do Bheagán** tacaí breise teagaisc agus foghlama atá an-indibhidiúlaithe, an-dian agus an-spriocdhírithe a sholáthar do leanaí a bhfuil a riachtanais speisialta oideachais de chineál buan agus de chineál a dhéanann difear suntasach dá gcuid foghlama agus dá rannpháirteachas sa timpeallacht scoile. **Áirítear leis an leibhéal tacaíochta seo rannpháirtíocht an mhúinteora oideachais speisialta.**

[8] Ní ionann tacaíocht indibhidiúlaithe agus tacaíocht teagaisc duine le duine. Ina ionad sin, ciallaíonn tacaíocht indibhidiúlaithe go bhfuil an tacaíocht a thugtar don leanbh indibhidiúlaithe nó curtha in oiriúint dá láidreachtaí agus dá riachtanais ar leith.

Tacaíocht Scoile Uile do Chách

Is é atá i gceist le Tacaíocht Scoile Uile cur chuige scoile uile a ghlacadh i leith freagairt do na riachtanais atá ag gach leanbh, lena n-áirítear iad sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus cineálacha uilechoiteanna, coisctheacha agus réamhghníomhacha cur chuige á n-úsáid.

Rannchuidíonn eispéireas gach linbh ag an scoil go díreach lena bhfolláine agus a n-athléimneacht fhisiciúil, mheabhrach, mhothúchánach agus shóisialta. Is i gcultúr atá dírithe ar fholláine chomhchoiteann an phobail scoile a tharlaíonn an fhoghlaim agus an rannpháirteachas.

Is é díriú scoile uile ar fhorbairt na folláine an bunús ar a ndéantar an Leanúntas Tacaíochta a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme ar fud gach gné den teagasc, den fhoghlaim agus de shaol na scoile. Cothaítear muintearas agus ceangailteacht leis an bpobal scoile, agus léirítear iad, i mbeartas, pleanáil agus cleachtas scoile.

Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtas

Leagtar amach sa Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais[9] an uaillmhian agus an fhís go mbeadh cothú na folláine ag croílár éiteas gach scoile.


Cé gur rud pearsanta í an fholláine, tá sí bainteach agus ceangailte le raon leathan tosca riosca agus tosca cosantacha atá ann ag leibhéal an duine aonair agus ag leibhéal caidreamhach, pobail, cultúrtha agus sochaíoch. Fuarthas amach go n-éiríonn le tosca cosantacha torthaí dearfacha a chur chun cinn do leanaí, lena n-áirítear iad sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. **Laistigh den chomhthéacs scoile, tá sé ríthábhachtach próiseas coisctheach um chothú na folláine a chur chun feidhme, agus díriú á leagan ar thosca cosantacha scoilbhunaithe a neartú agus ar thosca riosca scoilbhunaithe a íoslaghdú**. I gcás leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, tá sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar roinnt de na tosca riosca agus na tosca cosantacha arb eol go n-imríonn siad tionchar ar an bhfolláine ag an scoil. Tá sé tábhachtach freisin pleanáil do thacaíocht a sholáthar sna réimsí sin ag gach leibhéal den Leanúntas Tacaíochta.

Léirítear sna ceithre phríomhréimse do chothú na folláine an dóigh ar féidir an fholláine a chothú agus a chur chun cinn trí chineálacha cur chuige scoile uile, ilchomhpháirte agus coisctheacha a úsáid. Tá siad sin léirithe i bhFíor 4, agus áirítear leo na nithe seo a leanas:

- cultúr agus timpeallacht scoile
- curaclam (teagasc agus foghlaim)
- polasaí agus pleanáil
- caidrimh agus páirtnéireachtaí



[9] gov.ie - Folláine san Oideachas (www.gov.ie)



Fíor 4 Na Ceithre Phríomhréimse do Chothú na Folláine (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2018)


Tá *Ráitis ar Chleachtas Éifeachtach* ina bpríomhuirlis tagartha chun scoileanna a threorú trí gach ceann de na ceithre phríomhréimse do chothú na folláine. Tuairiscítear iontu cleachtais ag an leibhéal coisctheach scoile uile (Tacaíocht Scoile Uile do Chách) agus ag leibhéil idirghabhála níos spriocdhírithe agus níos indibhidiúlaithe (Tacaíocht Scoile do Roinnt agus Tacaíocht Scoile Móide do Bheagán).

Rud a sainaithníodh a bheith ríthábhachtach maidir leis an bhfolláine a chothú is ea tacú le leanaí atá i mbun aistrithe. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin do na leanaí sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Áirítear le Rannán 5 de na treoirlínte seo faisnéis bhreise faoi thacú le haistrithe. Tugtar sa tuairisc ar thacaí scoile uile sa rannán seo samplaí de phríomhchineálacha coisctheacha agus réamhghníomhacha cur chuige. Léirítear sna samplaí sin an dóigh ar féidir leis na ceithre phríomhréimse do chothú na folláine beartas, pleanáil agus cleachtas a threorú ag an leibhéal Scoile Uile sin den Leanúntas Tacaíochta chun tairbhe do gach leanbh. Tosaítear an próiseas réiteach fadhbanna dóibh sin a bhfuil riachtanais shainaitheanta speisialta oideachais acu nó ar ina leith atá riachtanais speisialta oideachais ag teacht chun cinn. Tá an próiseas sin leagtha amach sa rannán seo a leanas.

An Próiseas Réiteach Fadhbanna

Soláthraítear leis an bpróiseas réiteach fadhbanna cur chuige i leith sainaithint, faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais speisialta oideachais agus i leith tacú leis na riachtanais sin, i gcás go sainaithnítear údar imní i ndáil le leanbh. Leagtar amach sa rannán seo an dóigh ar féidir an próiseas réiteach fadhbanna a chur chun feidhme ag gach leibhéal den Leanúntas Tacaíochta.

Cuirtear an próiseas réiteach fadhbanna i bhfeidhm ag gach leibhéal den Leanúntas Tacaíochta, chun a chinntiú go mbíonn idirghabhálacha agus tacaí ailínithe le riachtanais shainaitheanta an linbh, go mbíonn siad i gcomhréir leis an leibhéal riachtanais, agus go n-athbhreithnítear go tráthrialta iad. Próiseas timthriallach ceithre chéim um shainaithint, measúnú, idirghabháil agus athbhreithniú is ea an próiseas réiteach fadhbanna. Cuirtear ceithre cheist le linn an phróisis réiteach fadhbanna, mar atá léirithe i bhFíor 5:



Fíor 5 An Próiseas Réiteach Fadhbanna (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2017; 2010; 2007)

Úsáideann scoileanna an próiseas réiteach fadhbanna chun na riachtanais speisialta oideachais atá ag leanaí a shainaithint, lena n-áirítear riachtanais acadúla, shóisialta agus mhothúchánacha, mar aon le riachtanais fhisiciúla, riachtanais chéadfacha, agus riachtanais teanga agus chumarsáide.

Sa phróiseas réiteach fadhbanna, cuirtear béim ar a riachtanaí atá sé breathnú ar láidreachtaí, údair spéise agus riachtanais leanaí i gcomhthéacs a rannpháirteachais agus a rannpháirtíochta reatha i ngach gné de shaol na scoile, laistigh den seomra ranga agus lasmuigh de araon. Tá acmhainní le haghaidh riachtanas a shainaithint ag gach leibhéal den Leanúntas Tacaíochta ar áireamh sa bheart acmhainní do mhúinteoirí maidir leis an Leanúntas Tacaíochta.[10]

I gcás go bhfuil údar imní ann i ndáil le leanbh, is é an chéad chéim tuiscint a ghnóthú ar láidreachtaí agus riachtanais foghlama an linbh. I gcás roinnt leanaí, is féidir go mbeidh acu riachtanais speisialta oideachais a sainaithníodh roimh an aistriú chuig an mbunscoil. Tá sé tábhachtach go mbaileodh scoileanna faisnéis ábhartha mar chuid den phróiseas pleanála aistrithe chun leanúnachas agus dul chun cinn tacaíochta a chinntiú.

Ba cheart do mhúinteoirí ranga idirchaidreamh a dhéanamh le tuismitheoirí agus leis an bpríomhoide scoile nuair a thagann údair imní chun cinn.

I gcás leanaí eile, is féidir go dtiocfaidh riachtanais chun cinn le himeacht ama de réir mar a ghabhann siad dá n-oideachas bunscoile. Is féidir go mbeidh na riachtanais sin de chineál sealadach agus go mbainfidh siad, mar shampla, le deacrachtaí leis an aistriú chuig an mbunscoil, lena n-áirítear gnáthaimh laethúla nua, nó is féidir go mbeidh siad de chineál buan agus fadtéarmach.

Riachtanais a shainaithint

Baineann múinteoirí i ngach suíomh bunscoile príomhshrutha úsáid as raon cineálacha cur chuige measúnaithe[11] agus idirghabhála chun na riachtanais oideachais atá ag leanbh a shainaithint agus freastal ar na riachtanais sin. Gabhann múinteoirí agus leanaí do ghníomhaíochtaí leanúnacha measúnaithe mar chuid de ghnáthchleachtas seomra ranga. Is féidir leis na gníomhaíochtaí measúnaithe sin a bheith de chineál múnlaitheach nó suimitheach. Baineann scoileanna úsáid as raon modhanna measúnaithe chun críocha múnlaitheacha nó suimitheacha, ar modhanna iad lena gcuirtear béim ar chineál idirnasctha comhlántach an phróisis measúnaithe.

Cé go bhfuil ról ag measúnuithe caighdeánaithe i measúnú suimitheach, níor cheart na torthaí ó aon triail chaighdeánaithe amháin a úsáid aisti féin. Níor cheart iad a úsáid ach oiread mar shonraí bonnlíne chun éachtaí linbh amach anseo a thuar ná chun bonn eolais a chur faoi chinntí maidir le hidirghabhálacha nó spriocanna a sholáthar i bPleananna Tacaíochta Dalta agus chuige sin amháin.

Faisnéis ó thrialacha cumais agus ó thrialacha gnóthachtála, breathnóireacht múinteoirí, Mo Scéal[12], an Comhad Tacaíochta Dalta, tuairiscí tuismitheoirí, mar aon le tuairimí an linbh, tá siad go léir ina ngnéithe lárnacha den phróiseas measúnaithe. Leis an gcur chuige sin atá bunaithe ar fhianaise, éascaítear láidreachtaí, údair spéise, luachanna, inspreagadh agus riachtanais foghlama an linbh a shainaithint agus cabhraítear le bonn eolais a chur faoi na gníomhartha agus na hidirghabhálacha lena bhfreastalaítear ar na riachtanais sin ar an tslí is fearr.

---

[10] Phacáiste Acmhainne do Mhúinteoirí
[11] Measúnú | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
[12] Mo Scéal | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

Is iad na múinteoirí ranga a bhfuil an fhreagracht phríomhúil as an leanbh a theagasc orthu a dhéanann an measúnú i suíomh seomra ranga go príomha. Mar sin féin, is féidir go ndéanfaidh an múinteoir nó na múinteoirí oideachais speisialta an measúnú sin nó go ndéanfar é i gcomhar leis/léi nó leo freisin.

Leis an gcreat Leanúntais Tacaíochta, tacaítear le múinteoirí faisnéis a bhailiú chun dul chun cinn an linbh a phleanáil agus a athbhreithniú tríd an bpróiseas réiteach fadhbanna. Is próiseas dinimiciúil timthriallach é an próiseas le haghaidh riachtanais a shainaithint, áit a bhféachtar ar fhreagairt an linbh don idirghabháil mar ghné lárnach de phleanáil agus athbhreithniú a dhéanamh sa scoil.

Comhad Tacaíochta Dalta

Leis an gComhad Tacaíochta Dalta, soláthraítear próiseas le haghaidh an fhaisnéis ar fad a bhaineann leis an leanbh a thaifeadadh agus a thiomsú, chun idirghabhálacha a phleanáil atá ailínithe lena gcuid láidreachtaí, údar spéise agus riachtanas sainaitheanta, agus chun cabhrú le freagairt an linbh don idirghabháil a dhoiciméadú. Rianaítear sa Chomhad Tacaíochta Dalta conair an linbh tríd an Leanúntas Tacaíochta agus treoraítear cé na torthaí agus na hidirghabhálacha atá bunaithe ar fhianaise atá ar na cinn is cuí.

Sealbhaítear sa Chomhad Tacaíochta Dalta an fhaisnéis ar fad faoin tacaíocht bhreise a sholáthraítear don leanbh. Áirítear leis sin:

- Loga gníomhartha
- Faisnéis ábhartha a bailíodh chun tuiscint a ghnóthú ar láidreachtaí, údair spéise agus riachtanais
- Pleananna Tacaíochta Dalta, ar pleananna iad a ndéantar forbairt agus faireachán orthu le himeacht ama
- Faisnéis faoi thinreamh
- Idirghabhálacha, socruithe, agus tacaí eile
- Taifid ar chomhairliúcháin
- Mionsonraí faoi athbhreithnithe agus faoin bhfreagairt don idirghabháil
- Cóipeanna de thuairiscí gairmiúla agus/nó comhfhreagras gairmiúil a bhaineann le tacú leis an leanbh ar scoil
- Cóipeanna d'fhaisnéis ábhartha ó shuíomhanna réamhscoile, lena n-áirítear Mo Scéal
- Taifid ar chumarsáidí ábhartha le tuismitheoirí/caomhnóirí agus an leanbh.

Plean Tacaíochta Dalta

Is é atá sa Phlean Tacaíochta Dalta plean foghlama indibhidiúlaithe, ina ndoiciméadaítear láidreachtaí, údair spéise agus riachtanais an linbh, mar aon leis na riachtanais foghlama tosaíochta a comhaontaíodh mar bhunús do spriocanna agus d'idirghabhálacha. Is féidir go mbeidh a lán riachtanas ag roinnt leanaí, agus ba cheart a riachtanais foghlama tosaíochta a shainaithint agus a thaifeadadh. Cuireann siad sin bonn eolais faoi na spriocanna, na tacaí agus na hidirghabhálacha a theastaíonn chun deireadh a chur le bacainní sainaitheanta ar an bhfoghlaim agus ar rannpháirteachas ar fud an churaclaim agus i saol an phobail scoile.

Forbraítear an Plean Tacaíochta Dalta i gcomhar agus i gcomhairle leis na múinteoirí ranga ábhartha, leis an múinteoir oideachais speisialta, le tuismitheoirí/caomhnóirí, agus le gairmithe ábhartha, nuair is cuí. Cuid lárnach den phróiseas sin is ea tuairimí an linbh. Ba cheart Pleananna Tacaíochta Dalta a athbhreithniú go tráthrialta, chun a chinntiú go leanann na spriocanna le haghaidh a thabhairt ar riachtanais foghlama tosaíochta shainaitheanta an linbh.

Tacaíocht Seomra Ranga do Chách


I mbunscoileanna, is ar an múinteoir ranga atá an fhreagracht phríomhúil as an teagasc, as an bhfoghlaim, agus as an measúnú ar dhul chun cinn agus ar rannpháirteachas i gcás na leanaí uile ina s(h)eomra ranga. Is í Tacaíocht Seomra Ranga do Chách an chéad fhreagairt ón múinteoir ranga má thagann údair imní chun cinn i ndáil le foghlaim, folláine agus/nó forbairt shochmhothúchánach linbh. Is ag an bpointe sin is féidir go ndéanfar oiriúnuithe tosaigh ar luas, soláthar agus inneachar mar chuid de dhea-chleachtas teagaisc chun a chinntiú gur féidir le gach leanbh a bheith rannpháirteach ina gcuid foghlama.

Plean Tacaíochta Seomra Ranga


Is plean simplí é Plean Tacaíochta Seomra Ranga, ina leagtar amach na riachtanais speisialta oideachais atá ag an leanbh agus na gníomhartha, lena n-áirítear cineálacha indibhidiúlaithe cur chuige teagaisc agus bainistíochta, a dhéanfar chun freastal ar riachtanais an linbh. Is féidir go n-áireofar leis an bplean freisin na gníomhartha bailebhunaithe a dhéanfaidh tuismitheoirí/caomhnóirí an linbh chun tacú le forbairt a linbh.

Is féidir go measfar Plean Tacaíochta Seomra Ranga a bheith riachtanach i gcás nár fhreagair leanbh d'oiriúnuithe ná tacaí ginearálta a rinne an múinteoir ranga sa timpeallacht foghlama agus i gcás gur sainaithníodh réimsí riachtanais óna dteastaíonn spriocdhíriú sonrach agus tacaíocht bhreise atá bunaithe sa seomra ranga.

Is i gcomhar le tuismitheoirí/caomhnóirí a fhorbraítear Plean Tacaíochta Seomra Ranga. I gcás go gcomhaontófar amhlaidh, ba cheart Comhad Tacaíochta Dalta a oscailt agus cóip den phlean a choinneáil sa Chomhad Tacaíochta Dalta, mar aon le taifead ar chomhairliúcháin agus aon fhaisnéis ábhartha eile a bailíodh. Tá samplaí de Phleananna Tacaíochta Seomra Ranga ar fáil sna Táscairí De Chleachtas Éifeachtach do Bhunscoileanna. Is féidir na ceithre chéim den phróiseas réiteach fadhbanna a úsáid chun tacaíocht seomra ranga a threorú nuair a thagann údair imní chun cinn.



Is é an chéad chéim próifíl a bhunú ar láidreachtaí agus údair spéise an linbh agus ar aon deacrachtaí nó aon réimsí riachtanais a bhaineann leis/léi. Is féidir gur fiú measúnú curaclambhunaithe agus breathnóireacht múinteoirí a úsáid chun réimsí riachtanais a shainaithint.




Tar éis údair imní a shainaithint, is é an chéad chéim eile faisnéis a bhailiú chun bonn eolais a chur faoi na tacaí cuí a theastaíonn. Suitear aon tosca a d'fhéadfadh a bheith ag rannchuidiú leis an deacracht a bhíonn ag baint don leanbh. Tugtar i bhFíor 6 achoimre ar fhoinsí faisnéise a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun na críche sin.

Is féidir go dtiocfaidh tosca chun cinn a bhaineann le teanga, leis an timpeallacht foghlama, le tosca sóisialta, agus leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim. D'fhéadfadh na nithe uile sin a bheith ag rannchuidiú leis an riachtanas. **Is gá an timpeallacht foghlama a athbhreithniú chun suíomh atá sofhreagrúil agus tacúil a sholáthar do gach leanbh, agus is gnáthchuid é sin de phleanáil an mhúinteora ranga don teagasc agus don fhoghlaim**. Acmhainn úsáideach ina leith sin is ea an Seicliosta Timpeallachta Foghlama atá sa bheart acmhainní do mhúinteoirí maidir leis an Leanúntas Tacaíochta. Mar chéad chéim eile, is féidir go rachfar i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí an linbh chun plé a dhéanamh ar riachtanais éiritheacha i dtimpeallachtaí difriúla.

Tacaíocht Seomra Ranga do Chách

- An Seicliosta Timpeallachta Foghlama
- Comhairliúchán le leanbh (e.g., an seicliosta Mo Smaointe faoin Scoil)
- Comhairliúchán le tuismitheoirí/caomhnóirí
- Measúnú múinteoirí, lena n-áirítear breathnóireacht agus measúnú curaclambhunaithe
- Trialacha caighdeánaithe litearthachta agus uimhearthachta.
- Faisnéis ón suíomh roimhe nó ón réamhscoil (e.g., doiciméid aistrithe Mo Scéal).


Fíor 6 Bailiú faisnéise – Tacaíocht Seomra Ranga do Chách



I gcás go sainaithnítear riachtanais an linbh a bheith éadrom nó sealadach, is féidir go measfar é a bheith cuí agus dóthanach tacaíocht a sholáthar ag leibhéal na Tacaíochta Seomra Ranga do Chách, áit a bhfuil múinteoirí ranga ar an eolas faoi riachtanais agus a gcuireann siad straitéisí chun feidhme chun tacaíocht a sholáthar sa seomra ranga. Maidir leis an tacaíocht a sholáthraítear agus na láidreachtaí agus na riachtanais a shainaithnítear ag an leibhéal seo, is féidir go mbeidh siad bunaithe ar bheartais, cleachtais agus nósanna imeachta scoile uile do gach leanbh.

Cuid de ghnáthullmhúchán ceachta an mhúinteora ranga is ea modhnuithe nó oiriúnuithe a dhéanamh ar chineálacha cur chuige teagaisc agus foghlama. Is gnách go mbeidh modhnuithe de chineál áitiúil agus sonrach, agus léireofaí leo de ghnáth an dea-chleachtas atá le sonrú cheana féin i scoileanna. Mar shampla, maidir le leanbh ar deacair dó/di socrú isteach, is féidir go bhfaighidh sé/sí tacaíocht ón múinteoir ranga chun a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí ranga.

Is ar an múinteoir ranga atá an fhreagracht phríomhúil as rannpháirteachas fiúntach agus rannpháirtíocht fhiúntach na leanaí uile ina s(h)eomra ranga. Is féidir go lorgóidh an múinteoir ranga comhairle agus treoir ón múinteoir oideachais speisialta i gcás go dtagann údair imní chun cinn i ndáil le leanaí aonair.



Bunaithe ar mheasúnú leanúnach foirmiúil agus neamhfhoirmiúil an mhúinteora ranga ar dhul chun cinn, is féidir go gcinnfear leanúint le tacaíocht teagaisc a sholáthar ag leibhéal na Tacaíochta Seomra Ranga. Is é atá i gceist leis an bpróiseas comhoibríoch cinnteoireachta sin dul i gcomhairle agus teacht ar chomhaontú le tuismitheoirí/caomhnóirí agus leis an múinteoir oideachais speisialta, mar aon leis an leanbh.

Má leanann an leanbh le teacht ar dheacrachtaí a théann i bhfeidhm ar rannpháirteachas agus rannpháirtíocht ina c(h)uid foghlama, breithneofar **Tacaíocht Scoile do Roinnt** a sholáthar dó/di, agus leanfaidh an timthriall comhoibríoch réiteach fadhbanna ar aghaidh.

Tacaíocht Scoile do Roinnt

Cé gur ag leibhéal na Tacaíochta Seomra Ranga do Chách a fhreastalófar ar riachtanais fhormhór na leanaí, is féidir go dteastóidh tacaíocht níos spriocdhírithe ó roinnt leanaí.

Tá próiseas níos spriocdhírithe réiteach fadhbanna i gceist le Tacaíocht Scoile do Roinnt, áit a gcuirtear leis an bhfaisnéis a bailíodh agus leis na hidirghabhálacha a rinneadh ag leibhéal na Tacaíochta Seomra Ranga do Chách. Tá Tacaíocht Scoile do Roinnt ag teastáil i gcás go bhfuil riachtanais an linbh de chineál dianseasmhach buan agus nach ndearna sé/sí dul chun cinn dóthanach mar fhreagairt don idirghabháil ag leibhéal na Tacaíochta Seomra Ranga do Chách.


Is féidir go rollóidh leanaí eile i mbunscoil agus riachtanais aitheanta acu cheana féin, agus is féidir go dtabharfar le fios, mar gheall ar chruinnithe tosaigh le tuismitheoirí/caomhnóirí, agus ar athbhreithniú ar dhoiciméid ghaolmhara, go mbeidh cur chuige spriocdhírithe ag teastáil ó thús.

Cé gur féidir go nglacfaidh an múinteoir oideachais speisialta an príomhról sa phróiseas bailithe faisnéise, pleanála idirghabhála agus athbhreithnithe, tá cur chuige comhoibríoch ag teastáil chun a chinntiú go mbíonn ról diongbháilte fiúntach ag an leanbh ina c(h)uid foghlama ar fud an churaclaim. Chun comhsheasmhacht a bhaint amach maidir leis na cineálacha cur chuige a ghlactar chun tacú leis an leanbh, teastaíonn comhoibriú agus cumarsáid idir an múinteoir ranga, an múinteoir oideachais speisialta, tuismitheoirí/caomhnóirí, agus an leanbh.


Is é a bhíonn i gceist leis an leibhéal tacaíochta seo de ghnáth idirghabháil spriocdhírithe a sholáthar do ghrúpaí beaga leanaí a bhfuil riachtanais chomhchosúla acu. Is bunaithe ar riachtanais a bheidh an díospóireacht maidir le leibhéal agus cineál na hidirghabhála, agus is féidir go soláthrófar an idirghabháil trí thacaíocht sa rang (e.g., buíonteagasc) agus/nó trí thacaíocht do ghrúpaí beaga, nó mar idirghabháil indibhidiúlaithe spriocdhírithe.

I gcás go gcomhaontaítear go bhfuil údar ann le hidirghabháil agus tacaíocht níos spriocdhírithe ag leibhéal na Tacaíochta Scoile do Roinnt mar gheall ar riachtanais an linbh, taifeadtar an méid sin sa Chomhad Tacaíochta Dalta.

Is leis an bpróiseas réiteach fadhbanna ceithre chéim a threoraítear sainaithint, pleanáil agus athbhreithniú na tacaíochta ag an leibhéal seo den Leanúntas Tacaíochta.



I gcás roinnt leanaí, is féidir go mbeidh acu riachtanais aitheanta dhoiciméadaithe sula rollóidh siad i mbunscoil. Tá sé tábhachtach go mbaileodh scoileanna faisnéis ábhartha mar chuid den phróiseas pleanála aistrithe chun leanúnachas agus dul chun cinn tacaíochta a chinntiú. Is féidir go mbeidh múinteoirí ranga ag iarraidh idirchaidreamh a dhéanamh leis an múinteoir oideachais speisialta i gcás nach cosúil go mbíonn leanbh ag freagairt don idirghabháil ag leibhéal na Tacaíochta Seomra Ranga. Cuirtear an próiseas réiteach fadhbanna i bhfeidhm i gcás go dtagann údair imní chun cinn. Is é atá i gceist leis an gcéad chéim sa phróiseas údair imní a shoiléiriú le tuismitheoirí/caomhnóirí an linbh chun teacht ar thuiscint chomhroinnte ar láidreachtaí, údair spéise agus riachtanais an linbh.



Tar éis na húdair imní a shoiléiriú, tá sé tábhachtach a thuiscint cén fáth a bhfuil sé seo ag tarlú. Is féidir gur fiú ag an gcéim seo faisnéis níos mionsonraithe a bhailiú faoi aon láidreachtaí bunúsacha agus aon riachtanais bhunúsacha a d'fhéadfadh a bheith ann, rud a chuirfeadh leis an bhfaisnéis a bailíodh ag leibhéal na Tacaíochta Seomra Ranga.

Is próiseas comhoibríoch atá faoi stiúir ag an múinteoir oideachais speisialta é an próiseas le haghaidh faisnéis a bhailiú chun riachtanais a shainaithint ag leibhéal na Tacaíochta Scoile do Roinnt, áit a bhfuil ról ag an múinteoir ranga, ag tuismitheoirí/caomhnóirí, agus ag an leanbh.

Maidir le sainaithint na láidreachtaí agus na riachtanas aonair ag an leibhéal seo, is féidir go mbeidh siad bunaithe ar na próisis mheasúnaithe fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil atá leagtha amach i bhFíor 7.


Tacaíocht Scoile do Roinnt

- An Seicliosta Timpeallachta Foghlama – Anseo
- Faisnéis ó shuíomh fhoghlaim agus chúram na luathóige nó ón scoil roimhe, lena n-áirítear Mo Scéal agus doiciméid ábhartha eile
- Measúnú múinteoirí, lena n-áirítear breathnóireacht agus measúnú curaclambhunaithe
- Measúnú iomlánaíoch foirmiúil agus/nó neamhfhoirmiúil ar láidreachtaí agus riachtanais aonair
- Comhairliúchán le leanaí (e.g., an seicliosta Mo Smaointe faoin Scoil)
- Comhairliúchán le tuismitheoirí/caomhnóirí
- Breathnóireacht agus bearta scagtha don fhoghlaim (lena n-áirítear, mar shampla, litearthacht, uimhearthacht, teanga agus cumarsáid, caidreamh sóisialta agus rialúchán mothúchánach)

Fíor 7 Bailiú Faisnéise – Tacaíocht Scoile do Roinnt

Is féidir go riarfaidh an múinteoir oideachais speisialta measúnú indibhidiúlaithe foirmiúil agus/nó neamhfhoirmiúil i réimsí amhail riachtanais litearthachta, uimhearthachta, shóisialta, mhothúchánacha, luaile/fisiciúla agus céadfacha, de réir mar is cuí do na húdair imní a sainaithníodh.

Tar éis riachtanais a shainaithint agus a thaifeadadh, comhaontaítear na réimsí tosaíochta don idirghabháil. Baineann an chéad chéim eile den phróiseas réiteach fadhbanna le pleanáil don idirghabháil.




Is bunaithe ar riachtanais a bheidh na cinntí maidir le leibhéal agus cineál na hidirghabhála ag an gcéim seo den Leanúntas Tacaíochta, agus is féidir go soláthrófar an idirghabháil trí thacaíocht sa rang (e.g., buíonteagasc) agus/nó trí thacaíocht do ghrúpaí beaga, nó mar idirghabháil indibhidiúlaithe spriocdhírithe.

Ba cheart an idirghabháil ag leibhéal na Tacaíochta Scoile do Roinnt a bheith bunaithe ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha a sainaithníodh tríd an bpróiseas bailithe faisnéise agus measúnaithe atá leagtha amach thuas. I gcás gur sainaithníodh raon leathan riachtanas, is féidir go mbeidh sé riachtanach tús áite a thabhairt do spriocdhíriú ar réimsí ar leith den fhoghlaim, d'fhorbairt scileanna agus/nó d'inniúlacht shochmhothúchánach. **Ba cheart idirghabhálacha atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shainaitheanta a bhreithniú i gcomhthéacs láidreachtaí agus údair spéise an linbh.** Chun comhsheasmhacht a bhaint amach maidir leis na cineálacha cur chuige a ghlactar chun tacú leis an leanbh, teastaíonn comhoibriú agus cumarsáid idir baill foirne scoile, leanaí agus tuismitheoirí/caomhnóirí. Is féidir go measfar é a bheith cuí dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí seachtracha ag an gcéim seo freisin.

Ba cheart spriocanna atá ailínithe le riachtanais tosaíochta shainaitheanta an linbh a bheith ar áireamh i bPleananna Tacaíochta Dalta ag an leibhéal seo. Ba cheart spriocanna a bheith sonrach, intomhaiste, inghnóthaithe, réalaíoch agus faoi cheangal ama. Teastaíonn cur chuige comhoibríoch le haghaidh socrú éifeachtach spriocanna, ar cur chuige é a bhfuil comhairliúchán le múinteoirí, le tuismitheoirí/caomhnóirí, agus leis an leanbh, i gceist leis. Áirítear leis cineálacha cur chuige teagaisc atá bunaithe ar fhianaise a shainaithint agus soiléiriú a dhéanamh ar ról na ndaoine uile a bhfuil baint acu leis an bPlean Tacaíochta Dalta a chur chun feidhme.

Achoimrítear i bhFíor 9 **(leathanaigh 44-45)** na príomhréimsí atá le breithniú agus spriocanna á socrú laistigh den Phróiseas Réiteach Fadhbanna.

Déantar faireachán agus athbhreithniú tráthrialta ar an bhfreagairt don idirghabháil i réimsí spriocdhírithe riachtanais, agus ba cheart an méid sin a thaifeadadh sa Phlean Tacaíochta Dalta. **Tá sé tábhachtach go mbeadh an múinteoir oideachais speisialta a bhfuil ról aige/aici maidir le tacaíocht teagaisc agus foghlama a sholáthar don leanbh freagrach as an obair fhoriomlán a dhéantar chun forbairt, faireachán agus athbhreithniú comhoibríoch a dhéanamh ar an bplean.** Tá samplaí de Phleananna Tacaíochta Dalta ag leibhéal na Tacaíochta Scoile do Roinnt ar fáil sna Táscairí de Chleachtas Éifeachtach a ghabhann leis na treoirlínte seo.



Is é atá i gceist leis an gceathrú céim sa phróiseas réiteach fadhbanna faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar réimsí spriocdhírithe don idirghabháil. Is próiseas tábhachtach é sin, a sheoltar go tráthrialta chun dul chun cinn a thomhas agus chun bonn eolais a chur faoi phleanáil amach anseo. Trí fhaireachán leanúnach a dhéanamh ar an bhfreagairt don idirghabháil, cabhraítear le múinteoirí meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar na spriocanna comhaontaithe foghlama a ghnóthú agus lena chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil na straitéisí idirghabhála éifeachtach. I gcás nach gcomhlíontar na spriocanna, is féidir go mbeidh sé riachtanach iad a bhriseadh síos ina mbearta incriminteacha beaga. Is féidir go mbeidh sé riachtanach cineálacha cur chuige teagaisc agus foghlama a oiriúnú agus/nó na spriocanna féin a athrú. Ar an tslí sin, **ba cheart dul chun cinn soiléir ar na spriocanna a chomhlíonadh le himeacht ama a bheith léirithe i bpleananna tacaíochta dalta agus ba cheart modhnuithe ar chineálacha cur chuige teagaisc a bheith ar áireamh iontu.**

Is é/í an múinteoir oideachais speisialta a eagraíonn an t-athbhreithniú ar dhul chun cinn i ndáil leis na réimsí spriocdhírithe idirghabhála de ghnáth, arb athbhreithniú é ina bhfuil ról ag an múinteoir ranga, ag an leanbh, agus ag a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí.

Tá faisnéis mhionsonraithe faoin bhfaireachán agus athbhreithniú a dhéantar ag gach céim den Leanúntas Tacaíochta le fáil sna Táscairí de Chleachtas Éifeachtach. Tar éis an phróisis athbhreithnithe, ba cheart spriocanna a mhodhnú nó spriocanna nua a shocrú agus a thaifeadadh.

Leantar ar aghaidh leis an timthriall réiteach fadhbanna de réir mar a shoiléirítear údair imní agus mar a bhailítear faisnéis chun bonn eolais a chur faoi spriocanna breise. Is féidir go gcomhaontófar, tar éis athbhreithniú comhoibríoch a dhéanamh ar an bhfreagairt don idirghabháil, go leanfar le freastal ar riachtanais ag leibhéal na **Tacaíochta Scoile do Roinnt.**

Ba cheart faisnéis faoi fhreagairt an linbh don idirghabháil i réimsí spriocdhírithe riachtanais a thaifeadadh sa Phlean Tacaíochta Dalta. Más rud é, tar éis tréimhse chomhaontaithe idirghabhála agus athbhreithnithe, go gcomhaontófar nár fhreagair an leanbh don idirghabháil atá bunaithe ar fhianaise ar an tslí a rabhthas ag súil léi, nó go mbeidh leibhéal níos airde riachtanais aige/aici de dheasca éilimh athraitheacha sa timpeallacht agus/nó sa churaclam, is féidir go mbeidh sé riachtanach dul ar aghaidh chuig an gcéad leibhéal eile den Leanúntas Tacaíochta, is é sin **Tacaíocht Scoile Móide do Bheagán.**


Rud atá chomh tábhachtach céanna do na leanaí sin a rinne dul chun cinn suntasach agus a d'fhreagair go maith don idirghabháil, ba cheart breithniú a dhéanamh ar thacaíocht a sholáthar ag leibhéal na **Tacaíochta Seomra Ranga do Chách.**

Tacaíocht Scoile Móide do Bheagán

Na leanaí a bhfreastalaítear ar a riachtanais speisialta oideachais ag leibhéal na Tacaíochta Scoile Móide do Bheagán, is iad sin na leanaí a bhfuil an leibhéal is mó riachtanais acu. Is féidir go n-áireofar leo sin leanaí ar sainaithníodh a riachtanais a bheith suntasach agus buan, agus iad sin nár fhreagair don idirghabháil ar an tslí a rabhthas ag súil léi ag leibhéal na Tacaíochta Scoile do Roinnt.

Teastaíonn ó leanaí a bhfuil an leibhéal is mó riachtanais acu rochtain ar idirghabhálacha an-struchtúrtha an-indibhidiúlaithe atá bunaithe ar fhianaise. Is féidir go n-áireofar leis sin timpeallachtaí oiriúnaithe agus cineálacha oiriúnaithe cur chuige teagaisc, ina gcuirtear neamhspleáchas, rannpháirtíocht, scileanna sóisialta, cúram pearsanta agus rath san fhoghlaim chun cinn. Ba cheart an díriú a leagan ar idirghabhálacha oideachais agus scilbhunaithe atá ar ardchaighdeán chun an oiread deiseanna agus is féidir a sholáthar le haghaidh rannpháirteachas agus rannpháirtíocht san fhoghlaim agus i saol na scoile agus an phobail. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar láidreachtaí agus údair spéise an linbh agus idirghabhálacha á bhforbairt.


Leis an bpróiseas réiteach fadhbanna, cuirtear bonn eolais faoi shainaithint, pleanáil agus athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais foghlama tosaíochta ag leibhéal na Tacaíochta Scoile Móide do Bheagán.



I gcás go gcomhaontófar go mbeidh idirghabháil ag teastáil ag leibhéal na Tacaíochta Scoile Móide do Bheagán, is féidir go mbeidh riachtanais speisialta oideachais ag an leanbh i réimsí éagsúla[13] nó i roinnt réimsí forbartha.

Tá sé tábhachtach go ndéanfaí na húdair imní ag an leibhéal seo a shainaithint agus a chomhaontú go soiléir ar fud gach réimse forbartha ar mhaithe le clár cuimsitheach, indibhidiúlaithe agus spriocdhírithe foghlama a sholáthar, ar clár é atá ailínithe le riachtanais speisialta oideachais an linbh.

[13] gov.ie - Treoir don Dea-Chleachtas maidir le hUathachas i Scoileanna – Ag Tacú le Leanaí agus Daoine Óga (www.gov.ie)



Is próiseas cuimsitheach, comhoibríoch agus iomlánaíoch é an próiseas le haghaidh faisnéis a bhailiú chun láidreachtaí, údair spéise agus riachtanais a shainaithint ag leibhéal na Tacaíochta Scoile Móide do Bheagán, áit a bhfuil ról ag an múinteoir ranga, ag tuismitheoirí/caomhnóirí, ag an múinteoir oideachais speisialta, agus ag an leanbh. Is é atá i gceist leis measúnú indibhidiúlaithe spriocdhírithe a dhéanamh ar láidreachtaí agus ar riachtanais ar fud príomhréimsí forbartha.

Tá sé tábhachtach go gcuirfí próiseas iomlánaíoch le haghaidh riachtanais a shainaithint chun feidhme ag an leibhéal seo, chun aitheantas a thabhairt do chineál idirghaolmhar gach ceann de na réimsí riachtanais sin i rannpháirteachas agus rannpháirtíocht an linbh ina c(h)uid oideachais agus i ngach gné de shaol na scoile.

Tá sé tábhachtach freisin aon ghníomhaireachtaí seachtracha a bhfuil ról acu maidir le tacú le leanbh a bhfuil riachtanais shuntasacha bhuana aige/aici a shainaithint agus iarraidh uirthi faisnéis a sholáthar a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir le tacú leis an leanbh sa chomhthéacs scoile. Mar chuid den phróiseas bailithe faisnéise, is féidir go n-iarrfaidh an múinteoir oideachais speisialta is comhordaitheoir, le toiliú ón tuismitheoir/caomhnóir, go dtabharfaí ról do ghairmithe seachtracha cuí, lena n-áirítear, i measc daoine eile, Múinteoir ar Cuairt, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Teiripeoir Urlabhra agus Teanga, Teiripeoir Saothair, Síceolaí Cliniciúil, agus Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh.

Is é atá i gceist le bailiú faisnéise chun láidreachtaí agus riachtanais a shainaithint úsáid a bhaint as raon leathan cineálacha cur chuige measúnaithe fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil.


Tá na príomhréimsí atá le breithniú le linn faisnéis a bhailiú leagtha amach i bhFíor 8.

Tacaíocht Scoile Móide do Bheagán

Measúnú indibhidiúlaithe, cuimsitheach, iomlánaíoch agus spriocdhírithe ar láidreachtaí agus ar riachtanais a sainaithníodh ar fud príomhréimsí forbartha, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Scileanna litearthachta
- Scileanna uimhearthachta
- Scileanna sóisialta agus rialúchán mothúchánach
- Scileanna feidhmiúcháin/féinbhainistíochta (lena n-áirítear scileanna eagrúcháin, scileanna pleanála agus scileanna réiteach fadhbanna)
- Údair spéise agus caitheamh aimsire
- Teanga agus cumarsáid
- Riachtanais chomhordaithe agus chéadfacha luaile
- Neamhspleáchas, scileanna maireachtála laethúla, agus féinchúram

Fíor 8 Bailiú Faisnéise – Tacaíocht Scoile Móide do Bheagán



Is pleananna an-indibhidiúlaithe iad na Pleananna Tacaíochta Dalta ag leibhéal na Tacaíochta Scoile Móide do Bheagán, agus iad ceaptha chun riachtanais an linbh a léiriú ar fud príomhréimsí tacaíochta, agus áirítear leo spriocanna atá bunaithe ar láidreachtaí, údair spéise agus riachtanais an linbh.

Is é a bheidh sa Phlean Tacaíochta Dalta faisnéis faoi idirghabhálacha atá bunaithe ar fhianaise agus faoi na príomhphearsana a mbeidh ról acu maidir le cur chun feidhme na n-idirghabhálacha sin. Cé gur cheart do bhall den fhoireann teagaisc oideachais speisialta a bhfuil taithí agus saineolas ábhartha aige/aici an príomhról a ghlacadh maidir le hidirghabhálacha spriocdhírithe a phleanáil agus a sholáthar, is próiseas comhoibríoch é seo ina bhfuil ról ag an leanbh, ag tuismitheoirí/caomhnóirí, ag an múinteoir ranga, agus ag múinteoirí oideachais speisialta. **Ba cheart faireachán dlúth agus athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar an bhfreagairt don idirghabháil i réimsí spriocdhírithe riachtanais, agus ba cheart an méid sin a thaifeadadh sa Phlean Tacaíochta Dalta.**

Is féidir go n-áireofar le tacaíocht ag an leibhéal seo freisin caidreamh agus comhoibriú le gairmithe seachtracha do na leanaí sin a bhfuil an leibhéal is airde riachtanais acu.

Déanann an múinteoir ranga agus an múinteoir oideachais speisialta breithniú ar bhealaí inar féidir an curaclam a oiriúnú chun go mbeidh sé oiriúnach do riachtanais an linbh, ar mhaithe leis an úsáid is fearr a bhaint as an am tacaíochta breise teagaisc. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin na straitéisí is cuí, na cineálacha cur chuige is cuí, agus na cláir idirghabhála is cuí atá bunaithe ar fhianaise a shainaithint chun freastal ar riachtanais an linbh.

Ba cheart solúbthacht a bheith ann ó thaobh tacaíochta agus soláthair de. Is féidir go soláthrófar idirghabháil ag an leibhéal seo trí thacaíocht do dhaoine aonair agus/nó grúpaí beaga. Is féidir freisin go soláthrófar í i raon éagsúil suíomhanna, lena n-áirítear seomraí ranga príomhshrutha.

Ba cheart spriocanna atá ailínithe le riachtanais tosaíochta shainaitheanta an linbh a bheith ar áireamh i bPleananna Tacaíochta Dalta ag an leibhéal seo. Ba cheart spriocanna a bheith sonrach, intomhaiste, inghnóthaithe, réalaíoch agus faoi cheangal ama. Teastaíonn cur chuige comhoibríoch le haghaidh socrú éifeachtach spriocanna, ar cur chuige é a bhfuil comhairliúchán le múinteoirí, le tuismitheoirí/caomhnóirí, agus leis an leanbh, i gceist leis. Áirítear leis cineálacha cur chuige teagaisc atá bunaithe ar fhianaise a shainaithint agus soiléiriú a dhéanamh ar ról na ndaoine uile a bhfuil baint acu leis an bPlean Tacaíochta Dalta a chur chun feidhme.


Achoimrítear i bhFíor 9 (**leathanaigh 44-45**) na príomhréimsí atá le breithniú agus spriocanna á socrú laistigh den Phróiseas Réiteach Fadhbanna.

Maidir leis na cineálacha cur chuige atá bunaithe ar fhianaise a shainaithnítear le haghaidh spriocanna a chur chun feidhme, tá sé tábhachtach go ndéanfadh gach múinteoir a bhfuil ról acu maidir leis an leanbh a theagasc, agus maidir le tacú leis/léi, na cineálacha cur chuige sin a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach, bunaithe ar na prionsabail um chóras chuimsitheach oideachais agus um chultúr cuimsitheach.

Tá sé tábhachtach ag an leibhéal seo freisin go gcomhaontófaí róil agus freagrachtaí agus go gcuirfí iad in iúl ar bhealach follasach sa Phlean Tacaíochta Dalta, chun tuiscint chuimsitheach shoiléir a éascú ar chineál na n-idirghabhálacha atá bunaithe ar fhianaise agus ar an dóigh a gcuirtear chun feidhme iad. I gcás an róil atá ag an gcúntóir riachtanas speisialta maidir le tacú le cur chun feidhme na spriocanna a bhaineann le riachtanais chúraim phríomhúil agus thánaistigh an linbh, mar shampla, doiciméadaítear é sa Phlean Tacaíochta Dalta chun comhsheasmhacht agus soiléire a chinntiú ar na róil atá ann maidir le tacú le riachtanais an linbh.


Ba cheart faireachán dlúth agus athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar an bhfreagairt don idirghabháil i réimsí spriocdhírithe riachtanais, agus ba cheart an méid sin a thaifeadadh sa Phlean Tacaíochta Dalta.

Tá samplaí de Phleananna Tacaíochta ag leibhéal na Tacaíochta Scoile do Bheagán ar fáil sna Táscairí de Chleachtas Éifeachtach a ghabhann leis na treoirlínte seo.



Is é atá i gceist leis an gceathrú céim sa phróiseas réiteach fadhbanna faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar fhreagairt an linbh do na réimsí spriocdhírithe don idirghabháil. Is próiseas tábhachtach é sin, a sheoltar go tráthrialta chun dul chun cinn a thomhas agus chun bonn eolais a chur faoi phleanáil amach anseo. Is é/í an múinteoir oideachais speisialta a eagraíonn an t-athbhreithniú de ghnáth, arb athbhreithniú é ina bhfuil ról ag an múinteoir ranga, ag an leanbh, ag a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí agus, nuair is cuí, ag an gcúntóir riachtanas speisialta. I gcás go meastar é a bheith cuí freisin, is féidir go mbeidh ról ag gníomhaireachtaí seachtracha sa phróiseas athbhreithnithe. Tá faisnéis mhionsonraithe faoin bhfaireachán agus athbhreithniú a dhéantar ag gach céim le fáil sna **Táscairí de Chleachtas Éifeachtach**.

Tar éis an phróisis athbhreithnithe, ba cheart spriocanna a mhodhnú nó spriocanna nua a shocrú. Leantar ar aghaidh leis an timthriall réiteach fadhbanna de réir mar a shoiléirítear údair imní agus mar a bhailítear faisnéis chun bonn eolais a chur faoi spriocanna breise. Déantar an fhaisnéis ar fad, lena n-áirítear an Plean nuashonraithe Tacaíochta Dalta, a thaifeadadh sa Chomhad Tacaíochta Dalta.



Fíor 9: Socrú spriocanna trí úsáid a bhaint as an bpróiseas réiteach fadhbanna

Trialacha scagtha
Breathnóireacht
Measúnú curaclambhunaithe
Agallaimh
Bearta múinteoirí
Seicliostaí
Comhairliúchán
Rátálacha
Trialacha caighdeánaithe

Tá spriocanna bunaithe ar phróiseas comhoibríoch bailithe faisnéise, lena n-áirítear cineálacha cur chuige measúnaithe fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil

Sonrach
Intomhaiste
Inghnóthaithe
Réalaíoch
Faoi Cheangal
Ama

Tá spriocanna bunaithe ar phróiseas comhoibríoch bailithe faisnéise, lena n-áirítear cineálacha cur chuige measúnaithe fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil

Rannán 5

Tacú le hAistrithe

Sainaithníodh aistrithe a bheith ina mórthoisc riosca d'fholláine leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Áirítear leis sin aistrithe ón réamhscoil chuig an mbunscoil, aistrithe ón mbunscoil chuig an iar-bhunscoil, agus aistrithe laistigh den suíomh scoile agus ar a fhud. Rud atá an-tábhachtach maidir leis an bhfolláine a chothú ar scoil is ea tacú le haistrithe réidhe sa scoil, amhail aistrithe idir teagasc oideachais speisialta agus suíomhanna ranga príomhshrutha.

Is féidir gach ceann de na ceithre phríomhréimse do chothú na folláine, mar atá leagtha amach ar leathanach 29, a chur i bhfeidhm agus breithniú á dhéanamh ar chineálacha coisctheacha agus réamhghníomhacha scoile uile i leith tacú le haistrithe.

Ar mhaithe le braistint muintearais agus ceangailteachta a chothú leis an bpobal scoile nua, is gá tacaí spriocdhírithe a sholáthar don aistriú ó shuíomhanna fhoghlaim agus chúram na luathóige chuig an mbunscoil agus ón mbunscoil chuig an iar-bhunscoil. Baineann sé sin le haistrithe laistigh den timpeallacht scoile nua freisin.

Caidrimh dhearfacha idir tuismitheoirí/caomhnóirí agus scoileanna, idir an leanbh agus comhdhaltaí agus idir an leanbh agus an múinteoir, agus cumarsáid idir scoileanna, tacaíonn siad go léir leis an bpróiseas aistrithe.

Is fearr amharc ar an aistriú ó shuíomh oideachais amháin chuig suíomh oideachais eile mar phróiseas a thiteann amach le himeacht ama, seachas mar eachtra aonair. Tá ríthábhacht ag baint leis an réamhphleanáil maidir le haistrithe rathúla a bhaint amach. I gcás leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, teastaíonn tacaíocht spriocdhírithe uathu le linn aistrithe, ar tacaíocht í atá curtha in oiriúint dá riachtanais mar atá sainaitheanta i bPleananna Tacaíochta Dalta. Tugtar i bhFíor 10 sampla den dóigh ar féidir leis na ceithre phríomhréimse do chothú na folláine bonn eolais a chur faoin tacaíocht le haghaidh aistrithe.

Cultúr agus Timpeallacht	Curaclam	Caidrimh agus Páirtnéireachtaí	Polasaí agus Pleanáil
Fáilteach agus cuimsitheach	Leathan agus cothromaithe	Comhordú le déanamh ag an bpríomh-nascdhuine	Réamhphleanáil agus réamhchomhairliúchán
Timpeallacht dhearfach foghlama	Cineálacha éagsúla solúbtha cur chuige i leith an teagaisc agus na foghlama	Cumarsáid idir scoileanna	Prótacail maidir le tacaíocht i leith aistrithe
Tacúil agus solúbtha i leith freagairt do riachtanais	Curtha in oiriúint don riachtanas	Caidrimh dhearfacha le baill foirne agus le comhdhaltaí	Comhroinnt faisnéise chun leanúnachas a chinntiú
Comhroinnt faisnéise chun leanúnachas a chinntiú	Socruithe chun tacú le rochtain, le rannpháirteachas agus leis an bhfoghlaim	Comhairliúchán agus comhoibriú éifeachtach le tuismitheoirí/caomhnóirí agus leanaí	Faireachán agus athbhreithniú ar riachtanais

Fíor 10 Tacú le hAistrithe - Cur Chuige Scoile Uile

Sa chás is fearr, ba cheart tús a chur leis an bpleanáil agus leis an ullmhúchán d'aistrithe leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ó shuíomh oideachais amháin chuig suíomh oideachais eile dhá bhliain roimh an dáta ar a bhfuil an leanbh le haistriú ón scoil.

Tagann roinnt leanaí chuig scoil nua agus riachtanais aitheanta acu cheana féin. Is féidir go n-aistreoidh leanaí eile isteach ó bhunscoil eile. Sa chás sin, is fiú cóip a iarraidh d'aon Chomhad Tacaíochta Dalta a forbraíodh, chun cabhrú le tuiscint a ghnóthú ar riachtanais an linbh agus ar na cineálacha tacaí a soláthraíodh. I gcás leanaí óga a thagann ó shuíomhanna fhoghlaim agus chúram na luathóige, is féidir go mbeidh a riachtanais leagtha amach sna doiciméid tacaíochta aistrithe Mo Scéal a bhaineann leo.

Cé nach mínítear, ná nach dtuartar, go hiomlán i sainaithint míchumais na riachtanais atá ag leanbh i gcomhthéacs na timpeallachta scoile, is fiú do thuismitheoirí/caomhnóirí aon fhaisnéis bhreise a chomhroinnt le scoil a linbh. Tá raon faisnéise ag teastáil chun riachtanais linbh a shainaithint agus chun freagairt dóibh, sa chomhthéacs scoile, agus úsáid á baint as an bpróiseas réiteach fadhbanna. Trí chur chuige comhoibríoch a ghlacadh, ar cur chuige é ina mbeidh ról ag an leanbh, ag múinteoirí agus ag tuismitheoirí/caomhnóirí, cabhrófar le láidreachtaí agus riachtanais, agus na tacaí a bheidh ag teastáil, a shainaithint.

Is féidir an sampla atá léirithe i bhFíor 10 a chur i bhfeidhm freisin i leith pleanáil chun tacaíocht a thabhairt le linn an lae scoile do leanaí atá i mbun aistrithe. Is féidir go n-áireofar leis sin tacú leis na haistrithe ó ghníomhaíochtaí struchtúrtha seomra ranga chuig gníomhaíochtaí neamhstruchtúrtha amhail amanna sosa agus amanna lóin, agus ón mbaile chuig an timpeallacht scoile. Baineann gach leanbh tairbhe as cineál agus leibhéal na tacaíochta sin, agus ba cheart an phleanáil a bheith treoraithe ag an Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais.

Tá raon acmhainní agus tacaí breise ar fáil chun scoileanna a threorú tríd an bpróiseas aistrithe do gach leanbh atá ag aistriú ó shuíomhanna fhoghlaim agus chúram na luathóige chuig an mbunscoil. Tá siad sin ar áireamh i bhFíor 11.

Tacaí agus Acmhainní Aistrithe
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta Ag Tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu Aistrithe Rathúla a Dhéanamh – Treoirlínte do Scoileanna Leanaí Óga a Ullmhú don Bhunscoil Aistriú chuig an Iar-bhunscoil Ag Athrú Scoileanna: Ag Bogadh ón mBunscoil go dtí an Iar-bhunscoil **An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta** Ábhair Thacaíochta don Aistriú ón Réamhscoil chuig an mBunscoil An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta: Pas don Aistriú ón mBunscoil chuig an Iar-bhunscoil **An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais** Aistriú ón Réamhscoil chuig an mBunscoil An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais: Acmhainní don Aistriú ón mBunscoil chuig an Iar-bhunscoil

Fíor 11 Tacaí agus Acmhainní Aistrithe



Achoimre

- Leithdháiltear acmhainní teagaisc oideachais speisialta chun tacaíocht bhreise teagaisc a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus chuige sin amháin.
- Buntaca le tacaíocht teagaisc oideachais speisialta is ea ocht bpríomhphrionsabal lena dtacaítear le cuimsiú agus folláine gach linbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Sainítear go soiléir róil agus freagrachtaí i ndáil le soláthar oideachais speisialta agus cuirtear in iúl do scoileanna iad.
- Is é an Leanúntas Tacaíochta an creat lena dtreoraítear an dóigh a soláthraítear tacaíocht do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Déantar taifeadadh agus faireachán ar an leithdháileadh tacaí teagaisc oideachais speisialta ag gach leibhéal den Leanúntas Tacaíochta.
- Is é an próiseas réiteach fadhbanna an sásra trína sainaithnítear riachtanais speisialta oideachais, trína dtacaítear leo agus trína n-athbhreithnítear iad.
- Is próiseas comhoibríoch iomlánaíoch é an próiseas le haghaidh tacaíocht teagaisc oideachais speisialta a sholáthar, rud ina bhfuil ról ag tuismitheoirí/caomhnóirí, ag leanaí, ag múinteoirí agus ag gairmithe eile, nuair is cuí.
- Tá tuairimí agus mianta leanaí ina gcuid lárnach den phleanáil agus den chinnteoireacht i ndáil le soláthar oideachais speisialta.
- Is í an scoil a dhéanann taifeadadh agus faireachán ar an imscaradh tacaí teagaisc oideachais speisialta agus is iad an Bord agus an Lucht Bainistíochta a dhéanann formhaoirseacht ar an imscaradh sin.

Aguisín 1

An Plean Soláthair Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu

An taifead ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a dtacaítear leo ag leibhéal na Tacaíochta Seomra Ranga do Chách, ag leibhéal na Tacaíochta Scoile do Roinnt agus ag leibhéal na Tacaíochta Scoile do Bheagán ar an gCreat Leanúntais Tacaíochta.

Tacaíocht Seomra Ranga do Chách						
Aitheantas an Dalta	Rang	Cur síos ar na riachtanais speisialta oideachais	Réimse Tacaíochta e.g., litearthacht, uimhearthacht, forbairt shóisialta, forbairt mhothúchánach, forbairt chéadfach, scileanna saoil	Cineál Tacaíochta Tacaíocht sa rang, tarraingt amach chuig grúpaí beaga nó tacaíocht don dalta aonair, tacaíocht sa chlós scoile	Dáta a thosaigh an dalta ag an leibhéal seo den *Leanúntas Tacaíochta*	Dátaí a athbhreithníodh an plean tacaíochta

Tacaíocht Scoile do Roinnt						
Aitheantas an Dalta	Rang	Cur síos ar na riachtanais speisialta oideachais	Réimse Tacaíochta	Cineál Tacaíochta	Dáta a thosaigh an dalta ag an leibhéal seo den *Leanúntas Tacaíochta*	Dátaí a athbhreithníod an plean tacaíochta

Tacaíocht Scoile do Bheagán						
Aitheantas an Dalta	Rang	Cur síos ar na riachtanais speisialta oideachais	Réimse Tacaíochta	Cineál Tacaíochta	Dáta a thosaigh an dalta ag an leibhéal seo den *Leanúntas Tacaíochta*	Dátaí a athbhreithníodh an plean tacaíochta

Aguisín 2

An Sceideal maidir le hImscaradh Múinteoirí Oideachais Speisialta do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (Bunscoil)

Scoil: Uimhir Rolla:

Scoilbhliain: Dáta a athbhreithníodh/ a nuashonraíodh:

Leithdháileadh Múinteoirí Oideachais Speisialta: uair

An líon post lánaimseartha teagaisc oideachais speisialta

Más cuid de chnuasach í an scoil – Uimhreacha rolla na scoileanna cnuasaigh: 1. 2. 3.

Ainm na scoile bunáite don ghrúpa cnuasaigh:

Ainm an Mhúinteora:	Mionsonraí faoin soláthar Oideachais Speisialta, e.g.: Buíonteagasc, Idirghabháil luath, etc.)	An líon leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a dtacaíonn gach múinteoir oideachais speisialta leo

Aguisín 3

Tuilleadh Faisnéise

Is féidir go mbeidh na naisc seo a leanas úsáideach do bhunscoileanna

Treoir agus acmhainní do scoileanna

1. Tá an Roinn tiomanta do chultúr cuimsitheachta a chothú i scoileanna. Tá raon leathan tacaí ar fáil chun scoileanna a chumasú éirí ina spás níos cuimsithí. *Oideachas Cuimsitheach*

2. Tá sé mar aidhm ag an gContanam Tacaíochta uirlisí a sholáthar do scoileanna agus do mhúinteoirí chun cabhrú le sainriachtanais oideachais leanaí a aithint agus a chomhlíonadh i gcomhthéacs an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na riachtanais sin ar a gcuid torthaí foghlama: Riachtanais Speisialta Oideachais Leanúntas Tacaíochta Pacáiste Acmhainní do Mhúinteoirí.

3. Leis an gComhad Tacaíochta Dalta, cumasaítear don scoil conair an dalta tríd an Leanúntas Tacaíochta a rianú: *Plean Tacaíochta Dalta*

4. Tá cothú na folláine ina chuid lárnach de mhisean na Roinne Oideachais chun leanaí agus daoine óga a chumasú barr a gcumais a bhaint amach. Tá raon leathan faisnéise agus tacaí folláine do scoileanna, do dhaltaí agus do thuismitheoirí ar fáil ag: *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtas*

5. Soláthraítear sa Chatalóg Acmhainní liosta d'acmhainní a soláthraíonn an Roinn Oideachais agus a cuid gníomhaireachtaí agus seirbhísí tacaíochta, Ranna eile Rialtais agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iad chun cabhrú le cothú na folláine ar fud pobail scoile: *Acmhainní do Bhunscoileanna*

6. Soláthraítear sa doiciméad dar teideal 'Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht' fís chomhchoiteann agus treochlár soiléir don dóigh ar féidir leis an bpobal oideachais ar fad obair le chéile chun bulaíocht a chosc, agus dul i ngleic léi, inár scoileanna: *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*

7. Is é is aidhm don Treoir don Dea-Chleachtas maidir le hUathachas i Scoileanna cabhrú le baill foirne scoile tuiscint a ghnóthú ar chineál éagsúil na láidreachtaí agus na riachtanas atá ag daltaí, mar aon le cineálacha cur chuige scoile uile agus indibhidiúlaithe a shainaithint chun tacú le daltaí. Is féidir le baill foirne a thacaíonn le daltaí a bhfuil uathachas orthu an Treoir a úsáid ar fud raon timpeallachtaí oideachais, lena n-áirítear suíomhanna príomhshrutha, suíomhanna ranga speisialta agus suíomhanna scoile speisialta: *Treoir don Dea-Chleachtas maidir le hUathachas i Scoileanna – Ag Tacú le Leanaí agus Daoine Óga*

8. Tá táscairí de chleachtas éifeachtach ar fáil mar uirlis pleanála chun cabhrú le ceannairí scoile, le foirne scoile agus le baill foirne scoile athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe sonracha den soláthar do dhaltaí a bhfuil uathachas orthu agus chun tús áite a thabhairt do réimsí atá le forbairt: *Táscairí de Chleachtas Éifeachtach*

9. Soláthraíonn an Roinn treoir do bhoird bhainistíochta ar Scoileanna maidir leis an ról atá acu bainistiú agus formhaoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar scoileanna. *gov.ie - Boird Bhainistíochta ar Scoileanna* (www.gov.ie)

Seirbhísí/Gníomhaireachtaí Tacaíochta

10. Seirbhís nua tacaíochta do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile is ea Oide, a chuimsíonn an Lárionad um Cheannaireacht Scoile, an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí, agus an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí: *Oide*

11. Oibríonn síceolaithe Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachai le scoileanna chun tacú le folláine, cuimsiú, foghlaim agus forbairt shóisialta agus mhothúchánach leanaí agus daoine ógas

12. Tugann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta cúnamh agus comhairle do scoileanna chun gur féidir leo tacaíocht a sholáthar go héifeachtach do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoileanna. Tacaíonn sí le scoileanna trí phróiseáil a dhéanamh ar iarratais ar thacaíocht bhreise, trí chúnamh a thabhairt do scoileanna a gcuid acmhainní a bhainistiú go héifeachtach, trí chomhairle a thabhairt do scoileanna, do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí, agus trí thaighde a dhéanamh ar an oideachas speisialta: *An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta*

13. Cuireann an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta comhairle ar an Aire Oideachais maidir le curaclam agus measúnacht don oideachas luath-óige, do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna agus maidir le nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear i scoileanna agus i scrúduithe in ábhair ar cuid den churaclam iad: *An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta*

14. Bhunaigh Roinn Oideachais na hÉireann agus Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann Ionad Choillidh Chanannáin sa bhliain 2007 chun tacú le cur chun cinn na sármhaitheasa in oideachas leanaí agus daoine óga a bhfuil uathachas orthu ar fud na hÉireann agus Thuaisceart Éireann: *Ionad Choillidh Chanannáin don Uathachas*

15. Feidhmíonn Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla faoin Acht Oideachais (Leas), 2000, agus é mar aidhm aici tinreamh, rannpháirtíocht agus coinneáil scoile a chur chun cinn. Tá trí shnáithe ag Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla. Is iad sin an tSeirbhís Reachtúil Tacaíochta Oideachais agus an dá sheirbhís tacaíochta scoile – an Scéim Teagmhála Baile, Scoile agus Pobail agus an Clár Críochnaithe Scoile: *Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla*

16. Tá seirbhísí míchumais do leanaí ceaptha do leanaí agus daoine óga suas le 18 mbliana d'aois a bhfuil riachtanais chasta acu: *Seirbhísí Míchumais FSS do Leanaí*

Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí/Oiliúint

17. Is é aidhm an chláir dioplóma iarchéime um fhorbairt ghairmiúil leanúnach forbairt ghairmiúil leanúnach shubstaintiúil atá teoiriciúil agus praiticiúil araon a sholáthar do mhúinteoirí a oibríonn le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. *An Clár Dioplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach do Mhúinteoirí Oideachais Speisialta*

18. Tá sé mar aidhm leis an gclár atá sonrach don uathachas forbairt a dhéanamh ar an eolas, an tuiscint agus na scileanna atá ag múinteoirí i leith obair le daltaí a bhfuil uathachas orthu agus, ar an tslí sin, cur le hacmhainn fhoriomlán na scoile sa réimse sin: *An Clár Dioplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach do Mhúinteoirí a oibríonn le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (Uathachas)*

Aguisín 4

Comhairle do scoileanna Gaeltachta agus do Ghaelscoileanna maidir leis an tsamhail um theagasc oideachais speisialta

An Comhthéacs

Déanann scoileanna lán-Ghaeilge socrú do na riachtanais atá ag gach leanbh, lena n-áirítear iad sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Freastalaíonn leanaí ó chúlraí teanga éagsúla ar scoileanna lán-Ghaeilge Gaeltachta agus ar Ghaelscoileanna. Is iad scoileanna lán-Ghaeilge na scoileanna a roghnaíonn a lán tuismitheoirí le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

- Chun tacú le cur chun feidhme na samhla um theagasc oideachais speisialta, ba cheart do scoileanna lán-Ghaeilge breithniú a dhéanamh ar na tosca seo a leanas:
- Ba cheart do phobail scoile uile, lena n-áirítear tuismitheoirí, an lucht bainistíochta scoile, ceannairí scoile agus múinteoirí, dianiarracht a dhéanamh cur leis an tuiscint, leis an eolas agus leis an bhfeasacht atá acu ar a oiriúnaí atá an t-oideachas lán-Ghaeilge maidir leis na riachtanais speisialta oideachais atá ag leanaí a shainaithint agus maidir le freastal ar na riachtanais sin.
- I gcomhthéacs an oideachais lán-Ghaeilge, meabhraítear do scoileanna gur cheart an cumas atá ag leanaí i nGaeilge agus i mBéarla araon a fhorbairt de réir riachtanais oideachais na leanaí, de réir mar is cuí.
- Agus cineálacha cur chuige scoile uile á bhforbairt acu i leith na litearthachta, ba cheart do scoileanna lán-Ghaeilge breithniú a dhéanamh ar na riachtanais teanga sóisialta, feidhmiúla agus acadúla atá ag an leanbh.
- Ba cheart do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar a mbeartais mheasúnaithe agus a mbeartais oideachais speisialta chun gur féidir sainaithint a dhéanamh ar na riachtanais atá ag leanaí i nGaeilge, i mBéarla agus i Matamaitic bunaithe ar na trialacha caighdeánaithe is infheidhme i leith leanaí i scoileanna lán-Ghaeilge. Ba cheart na torthaí ó na trialacha sin a úsáid chun riachtanas a shainaithint, chun pleanáil, chun idirghabhálacha a dhéanamh agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhreagairtí d'idirghabhálacha. Is leis an gcur chuige réiteach fadhbanna sin a stiúrfaidh an scoil i dtreo struchtúir chuí thacaíochta agus cleachtais chuí scoile uile a sholáthar do leanaí i suíomhanna lán-Ghaeilge a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Ba cheart don lucht bainistíochta scoile acmhainní teagaisc oideachais speisialta a imscaradh chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu na scileanna teanga agus litearthachta is gá a ghnóthú chun gur féidir leo an curaclam trí Ghaeilge a rochtain ina iomláine.
- I gcás scoileanna a chleachtann luath-thumoideachas iomlán, ba cheart tacaí agus idirghabhálacha do leanaí i ranganna na naíonán a sholáthar trí Ghaeilge.
- Ba cheart do scoileanna lán-Ghaeilge a bheith eolach ar an taighde agus na tacaí atá ar fáil chun tacú le heispéiris foghlama leanaí i scoileanna lán-Ghaeilge a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

- Ba cheart do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar a riachtanais foghlama gairmiúla múinteoirí féin a mhéid a bhaineann le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus atá ag foghlaim trí Ghaeilge, agus ba cheart dóibh riachtanais ina leith sin a shainaithint. Ba cheart na riachtanais foghlama gairmiúla múinteoirí sin a phlé leis an bpearsanra cuí sna seirbhísí tacaíochta d'fhonn rochtain a fháil ar oiliúint atá oiriúnach don chomhthéacs lán-Ghaeilge, agus díriú á leagan ar acmhainn a fhorbairt agus ar an dea-chleachtas a chomhroinnt.

Aguisín 5

Rannpháirtíocht Tuismitheora/Caomhnóra

Agus machnamh agus athbhreithniú á ndéanamh ar chleachtas láithreach na scoile maidir le rannpháirtíocht tuismitheora/caomhnóra a spreagadh, d'fhéadfaí na pointí seo a leanas a chur san áireamh a mhéid a bhaineann le gníomhartha láithreacha agus le gníomhartha amach anseo araon:

- Conas a théitear i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí agus a chuirtear iad ar an eolas faoi chineál an tsoláthair agus an bheartais oideachais speisialta ar scoil?
- Conas a théitear i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí nuair atá tacaí oideachais speisialta (mar shampla, Tacaíocht Seomra Ranga do Chách/Tacaíocht Scoile do Roinnt/Tacaíocht Scoile Móide do Bheagán) á mbeartú dá leanbh?
- An dtugaimid ról do thuismitheoirí/caomhnóirí ag gach leibhéal de phróiseas an Leanúntais Tacaíochta?
- Cá mhéad a éascaítear cumarsáid thráthrialta le tuismitheoirí/caomhnóirí le leanbh a bhfuil riachtanas speisialta oideachais aige/aici?
- Cé na bacainní a d'fhéadfadh cosc a chur ar thuismitheoirí/caomhnóirí ról iomlán a imirt maidir le tacaíocht a thabhairt dá leanbh ar scoil? Cé na nithe a d'fhéadfadh cabhrú leis na bacainní sin a shárú?
- An dtugaimid deis do thuismitheoirí/caomhnóirí tuilleadh eolais a fháil ar riachtanais oideachais speisialta trí theagmháil le gníomhaireachtaí agus seirbhísí eile?
- Conas is féidir linn tacú le baill foirne caidreamh éifeachtach a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí?



An Roinn Oideachais
Department of Education